EESC info

European Economic and Social Committee

A bridge between Europe and organised civil society

May 2024 | GA

## Dearcadh na Cosmhuintire – S4 Eipeasóid 7: Ró-óg, róshean, bacainní vótála – ag labhairt amach i dtoghcháin an Aontais

Fáilte chuig Dearcadh na Cosmhuintire, podchraoladh Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE). Agus na toghcháin Eorpacha 2024 le bheith ann go han-luath, theastaigh uainn aird a tharraingt ar thrí ghrúpa ar minic don lucht ceaptha beartais neamart a dhéanamh orthu: daoine faoi mhíchumas, seanóirí agus daoine óga. Breathnóimid ar an dóchas atá ag na grúpaí sin do na blianta beaga romhainn agus ar na hábhair imní atá acu.

Ar na haíonna don lá inniu, labhróidh **Milan Šveřepa**, Uachtarán Inclusion Europe, faoi chúrsaí inrochtaineachta agus na toghcháin Eorpacha 2024. Beidh an gníomhaí óige agus an tionchaire **Nina Skočak** linn freisin chun labhairt faoina bhfuil idir chamáin do na daoine óga. Cloisfimid freisin ón **Dr Heidrun Mollenkopf**, Uachtarán AGE Platform Europe, ardán a bhíonn ag obair ar son na seanóirí. Pléifidh an Dr Mollenkopf conas mar a mhothaíonn na seanóirí maidir le díospóireachtaí toghchánacha, cé acu a mhothaíonn siad go gcuireann polaiteoirí a gcuid tuairimí san áireamh sna díospóireachtaí sin nó, a mhalairt ar fad, cé acu a dhéanann siad beag is fiú díobh. Beidh **Aurel Laurențiu Plosceanu**, Leas-Uachtarán um an gCumarsáid in CESE, inár measc freisin chun labhairt faoina ndéanann CESE chun leanúint de bheith ag cur teannadh le glór na sochaí sibhialta, lena chinntiú nach ndéanfar na daoine is leochailí a fhágáil i leataobh ná nach ndéanfar iad a imeallú.

Éist lenár bpodchraoladh, cuir an vóta atá agat chun úsáide agus labhair amach duit féin. Múnlaigh an Eoraip atá uait!

# EDITORIAL



## Eagarfhocal

**Céim loighciúil chun cinn don Eoraip is ea an méadú**

An mhí seo, tá comóradh 20 bliain á cheiliúradh againn ar an méadú mór ar an Aontas Eorpach. Ba i mí na Bealtaine 2004 a rinneadh saoránaigh de chuid an Aontais Eorpaigh de shaoránaigh na Cipire, na Seicia, na hEastóine, na hUngáire, na Laitvia, na Liotuáine, Mhálta, na Polainne, na Slóvaice agus na Slóivéine. Ní próiseas éasca a bhí ann ós rud é gur dúshlán mór é aontachas a bhaint amach leis an Aontas agus tógann sé roinnt mhaith ama. Fiche bliain ina dhiaidh sin, áfach, is féidir a

rá go bhfuil méadú 2004 ag dul ó neart go neart.

Anuas ar an Aontas a bheith ar cheann de na margaí aonair is mó ar domhan, cruthaíodh 26 mhilliún post nua mar thoradh ar an méadú. Ní féidir rath an mhéadaithe a mheas, áfach, le gnóthachain eacnamaíocha amháin. I ndeireadh na dála, mar thoradh ar an méadú, osclaíodh teorainneacha agus bhí na milliúin daoine saor chun taisteal, chun obair agus chun cónaí áit ar bith san Aontas. Rinneadh ceart do gach duine de phribhléid nach raibh ach ag daoine áirithe go dtí sin. Go dtí seo, tá os cionn 2.7 milliún mac léinn ó na 10 dtír nua tar éis páirt a ghlacadh i gclár malartaithe Erasmus+. Chuir an tAontas méadaithe comhionannas deiseanna ar fáil do chách chun go mbeadh rath orthu.

Ní hé sin le rá nach raibh aon cheacht le foghlaim. Ní raibh méadú den chineál sin ná den mhéid sin ann riamh roimhe sin, agus is cinnte go bhfuil go leor réimsí ann ina bhféadfadh agus inar cheart don Aontas tuilleadh a dhéanamh. Ar an gcéad dul síos, ní mór don Aontas tús a chur le lánpháirtiú na dtíortha is iarrthóirí ina chuid oibre a luaithe is féidir. Cé nach féidir an comhtháthú forásach a chur in ionad an aontachais iarbhír, is bealach é don dá thaobh bunús láidir a thógáil trí fhoghlaim óna chéile agus trí thaithí a mhalartú agus tuairimí a roinnt. Tugann sé deis naisc dhaonna a bhunú agus fíormheon Eorpach a chothú.

Ar an dara dul síos, tá croíphrionsabail an Aontais maidir leis an daonlathas, an smacht reachta agus cearta agus saoirsí bunúsacha doshannta agus ní féidir neamhaird a thabhairt orthu. Cé go bhfuil critéir shoiléire i lámhleabhar aontachais an Aontais maidir le ‘bunphrionsabail’, tá roinnt gnéithe nach dtiocfar orthu in aon lámhleabhar. Ina ról mar theach na sochaí sibhialta, creideann CESE go mbraitheann daonlathais dhea-fheidhmiúla go huile is go hiomlán ar shochaí shibhialta bhríomhar agus idirphlé sóisialta láidir. Tríd an tsochaí shibhialta ó thíortha is iarrthóirí a lánpháirtiú san Aontas de réir a chéile, beidh siad in ann a bheith chomh láidir agus ba cheart iad a bheith faoi thráth an aontachais. Sin is cúis leis an tionscnamh arna sheoladh ag CESE chun na tíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas a lánpháirtiú. Tá ‘comhaltaí as na tíortha is iarrthóirí’ ag obair anois lenár gcomhaltaí in CESE, agus tuairimí á ndréachtú acu ar ábhair a bhaineann go háirithe le méaduithe a bheidh ann amach anseo.

Sin is cúis freisin leis an bplé a dhéanfaidh comhaltaí CESE ar chomóradh 20 bliain mhéadú an Aontais le linn an tseisiúin iomlánaigh a bheidh aige i mí na Bealtaine – agus machnamh á dhéanamh acu ar an am atá caite agus iad ag tnúth le todhchaí choiteann ina mbeidh an tAontas Eorpach níos athléimní, níos daonlathaí agus níos aontaithe.

**Oliver RÖPKE**

**Uachtarán CESE**

# DIARY DATES

6 Meitheamh 2024

**Míchothromaíochtaí sa chosaint shóisialta i gcoitinne agus go háirithe i gcás ‘cineálacha nua oibre’ agus ‘oibrithe neamhthipiciúla’**

19 Meitheamh 2024

**Cruinniú bliantúil 2024 do na hUachtaráin agus na hArdrúnaithe**

26 Meitheamh 2024

**Comhdháil faoin bhFuinneamh Inacmhainne: Bearta a dhéanamh de thuairimí na sochaí sibhialta**

10-11 Iúil 2024

**Seisiún iomlánach de chuid CESE**




## CEIST AMHÁIN AR...

Labhraíomar le **Cillian Lohan**, rapóirtéir na tuairime *Rannpháirtíocht daoine óga ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe*, chun ceist a chur air faoi na tairbhí a d’fhéadfaí a bhaint as scéim soghluaisteachta don aos óg, rud atá molta ag an gCoimisiún Eorpach agus a dtacaíonn CESE leis. A bhuí leis an scéim sin, bheadh sé níos éasca ag saoránaigh óga na Ríochta Aontaithe agus an Aontais Eorpaigh a bheith ina gcónaí, ag staidéar agus ag obair i limistéir a chéile. Toisc gur dhiúltaigh an Ríocht Aontaithe don socrú a d’ullmhaigh an tAontas maidir le saorghluaiseacht daoine óga, cad iad na cineálacha eile cur chuige a d’fhéadfaí a úsáid chun na naisc a briseadh de thoradh Brexit a chur ar ais?



## IS SA TAITHÍ CHOMHROINNTE ATÁ FÍORLUACH NA SOGHLUAISTEACHTA – BRÚIMIS CHUN CINN Í

**Le Cillian Lohan**

D’fhág an deis saorghluaiseachta atá ag muintir na hEorpa go bhfuil a lán lán buntáistí ann do gach saoránach. Tá tábhacht ar leith le saorghluaiseacht daoine óga, óir is deis atá ann dóibh blaiseadh a fháil de chultúir éagsúla na hEorpa agus taithí a fháil ar an saol i dtíortha eile san Eoraip. Chabhraigh an taithí sin leo teacht ar an tuiscint go bhfuil go leor i gcoiteann againn. Nuair a thugtar cuairt ar thír eile le haghaidh oibre nó staidéir, is fearr a thuigimid an rud atá i gcoiteann againn mar dhaoine. Is

cuma cén teanga a labhraímid, cén bia a ithimid nó cén aimsir ar a bhfuilimid cleachtach, tá lear mór rudaí i gcoiteann againn – an caidreamh lenár dteaghlach agus ár gcairde, ábhair dóchais agus streachailte, dúshláin agus deiseanna.

Is iad na malartuithe seo idir tíortha a fhágann go mbíonn sochaí báúil le daoine eile agus tuisceanach dóibh; nach mar strainséirí, ach mar chairde, a ghlacaimid lenár gcomhshaoránaigh Eorpacha i dtíortha chomharsanacha.

Níor cheart dúinn beag is fiú a dhéanamh den tionchar atá aige sin ar chaomhnú na síochána agus na cobhsaíochta ar mhór-roinn na hEorpa. Is saorghluaiseacht daoine óga an rud is tábhachtaí le haghaidh comhar agus comhobair leanúnach.

Is sa chomhthéacs sin a mhol mé tuairim féintionscnaimh a tharraingt suas maidir le soghluaisteacht na hóige agus an caidreamh idir daoine óga in Aontas Eorpach tar éis Brexit. D’oibrigh mé le mo chomhghleacaithe, leis an bhfoireann agus leis na comhaltaí, agus chuamar i gcomhairle go forleathan leis na grúpaí lena mbaineann. Bhí ionadaithe ón Aontas Eorpach agus ón Ríocht Aontaithe páirteach sa phróiseas sin – iad ag teacht le chéile ar líne nó ar an láthair, ag scaipeadh suirbhéanna agus ag malartú ríomhphost. Léiríodh tacaíocht láidir dár gcuid oibre nuair a caitheadh vóta ollmhór ar son na tuairime i seisiún iomlánach CESE.

Is éard a rinne na hinstitiúidí Eorpacha ina dhiaidh sin gur chuir siad tairiscint leathan de scéimeanna soghluaisteachta feabhsaithe ar fáil d’aos óg na Ríochta Aontaithe. Dhiúltaigh an Ríocht Aontaithe don tairiscint sin, faraor, ach leanfaimid orainn den obair chun na buntáistí atá ann don dá thaobh a léiriú.

Is tábhachtach a lua nach mic léinn ollscoile agus daoine atá ag freastal ar oideachas lánaimseartha, agus iadsan amháin, a bhaineann tairbhe as cláir de chineál Erasmus+ nó chiste Eoraip na Cruthaitheachta. A bhuí le tionscnaimh den chineál sin, is féidir le daoine óga as gach cúlra páirt a ghlacadh i scéimeanna malartaithe agus taithí neamhghnách a fháil.

Is féidir an costas airgeadais atá i gceist agus an toradh ar an infheistíocht sin a ríomh go fuarchúiseach, ar ndóigh. Ach níl sa toradh sin ach gné amháin de luach na soghluaisteachta. Is sa taithí chomhroinnte agus sa chomhthuiscint atá fíorluach na soghluaisteachta agus na malartuithe sin. Tá caidreamh idir daoine agus saorghluaiseacht daoine de dhíth ar mhór-roinn atá bríomhar ilchultúrtha. Leanfaimid de bheith á éileamh sin in CESE. Mar go dteastaíonn uainn beart a dhéanamh de réir ár mbriathair agus dea-shampla a thabhairt, leanaimid den obair a dhéantar i gcomhar leis an tsochaí shibhialta sa Ríocht Aontaithe.

Tá Meabhrán Tuisceana againn le Comhghuaillíocht na Sochaí Sibhialta sa Ríocht Aontaithe agus Meabhrán Tuisceana ar leith againn le SAFE in Albain (agus an deis againn a bheith ag obair le hiarchomhalta de CESE, Irene Oldfather). Leanfaimid den obair sin agus neartóimid í. Chruthaigh earnáil na hóige gur féidir léi a bheith ceannródaíoch in amanna corracha, go háirithe i réimse na haeráide. Oibrímis le chéile ar an leibhéal institiúideach chun na huirlisí go léir a theastaíonn ón earnáil sin a sholáthar di le go bhféadfaidh daoine óga cur lena gcuid oibre agus leas a bhaint as cumhacht na hóige chun saol níos fearr a chruthú dúinn go léir.

TO THE POINT

## CROÍ AN SCÉIL

**Cé go bhfuil an tAontas Eorpach ar thús cadhnaíochta ar domhan i soláthar na raidiseatóp míochaine, bíonn sé ag brath go mór ar thríú tíortha le haghaidh ábhair bhunaidh thábhachtacha agus oibríochtaí próiseála ar leith. Is féidir go mbeadh sé sin ina chúis le briseadh sna slabhraí soláthair agus nach mbeadh cuid mhaith de mhuintir na hEorpa in ann an diagnóis ná an chóir leighis a fháil a theastódh lena mbeatha a shábháil. D’fhonn an scéal seo a chur ina cheart agus freastal ar an éileamh atá ag dul i méid ó thaobh na n-othar de, tá gá le hinfheistíocht phoiblí agus phríobháideach sa taighde agus san fhorbairt agus i mbonneagar táirgthe nua, mar aon le rialú stuama agus cinntí cróga polaitíochta, dar leis an rapóirtéir don tuairim ó CESE maidir le soláthar na raidiseatóp míochaine, Alena Mastantuono.**

---



## SÁRÚ NA HAILSE TRÍ SPLEÁCHAIS STRAITÉISEACHA AN AONTAIS A SHÁRÚ

**le Alena Mastantuono**

Gach bliain, baineann níos mó ná 10 milliún othar san Eoraip tairbhe as leigheas núicléach nuair a dhéantar galair cosúil le hailse agus galair chardashoithíocha agus néarashoithíocha freisin a dhiagnóisiú agus a chóireáil.

Tá na teicneolaíochtaí raideolaíocha agus núicléacha ina n-úsáidtear raidiseatóip ríthábhachtach sa chomhrac i gcoinne na hailse ag gach céim den chúram, mar atá an luathbhrath, an diagnóis, an chóireáil agus an cúram maolaitheach.

Tá méadú ag teacht ar líon na n-othar a bhaineann tairbhe as an leigheas núicléach a bhuí sin leis na forbairtí ceannródaíocha eolaíocha thar rud ar bith eile. Tá roinnt de na teiripí nuálacha radailiogainne ailse is déanaí dá bhfuil ann forbartha ag taighdeoirí agus gnólachtaí Eorpacha, amhail táirgí cógaisíochta a dhíríonn ar shiadaí na hailse inchríní agus na hailse próstataí agus meiteastáis ionscaipthe. Mar shampla, is raidiseatóp a bhfuil an-ghealladh faoi é Lutetium-177 chun cóireáil a dhéanamh ar an ailse próstatach, galar arb é is cúis le 90 000 bás san Eoraip gach bliain. I gcomparáid le cóireálacha traidisiúnta, díríonn teiripe radanúiclídí nua-aimseartha ar bhealach éifeachtach ar chealla ailse agus is minic nach mbíonn sé chomh díobhálach céanna don chorp. Tá beatha na mílte othar ag brath ar theiripe radanúiclídí spriocdhírithe, agus is minic gurb í sin an t-aon chóir leighis atá ar fáil dóibh.

Mar sin féin, tá slabhra soláthair na míochaine núicléiche thar a bheith casta sula sroicheann sé an t-othar. Áirítear leis-sean soláthar amhábhar maille lena stóráil, a n-ionradaíocht, a bpróiseáil, a lóistíocht agus a gcur i bhfeidhm. Chomh luath agus a tháirgtear na raidiseatóip, ní foláir iad a phróiseáil, a sheoladh chun

siúil agus a úsáid laistigh de thréimhse réasúnta gearr, cuid acu ar an lá céanna, cuid eile laistigh de bheagán laethanta, ag brath ar an leathré atá acu. Is earraí iad atá thar a bheith meatach agus a lobhann go tapa.

Spéisiúil go leor, ní léirítear na saintréithe sin i nósanna imeachta iompair ná custaim trasteorann. Maidir le hiompar trasteorann, cuir i gcás, tá roinnt bacainní ann as a n-eascraíonn cásanna ina bhféadfaí tosaíocht a thabhairt do shéaclaí thar raidiseatóip a d’fhéadfadh saol othair a shábháil.

Sin an fáth a bhfuil CESE ag iarraidh, sa tuairim uaidh maidir le soláthar raidiseatóp míochaine, go mbeadh comhar níos fearr ann i measc na mBallstát chun deireadh a chur leis na bacainní rialála. Féachtar sa tuairim ar gach uile chéim de shlabhra soláthair na raidiseatóp san Eoraip agus sainaithnítear inti na constaicí i seachadtaí trasteorann chomh maith le spleáchais ar thríú tíortha. Tugtar chun cinn sa tuairim freisin réitigh ar bhonneagar atá in easnamh san Eoraip agus ar an ngá atá le T&F comhordaithe.

Sna moltaí a cuireadh chun cinn sa tuairim uaidh, tá CESE ag teacht leis na conclúidí ar thángthas orthu ag cruinniú mullaigh chinn stáit an Aontais i mí Aibreáin, inar leagadh béim ar an ngá atá le spleáchais straitéiseacha na hEorpa a laghdú in earnálacha íogaire amhail an tsláinte agus teicneolaíochtaí criticiúla. Leag siadsan béim freisin, i gcomhréir le tuarascáil Enrico Letta, ar an ngá atá le díriú ar sholáthar trasteorann seirbhísí, chomh maith le gluaiseacht trasteorann earraí, lena n-áirítear earraí bunriachtanacha amhail cógais leighis.

Ní mór don Eoraip dreasachtaí táirgeachta a chur ar fáil chun neamhspleáchas straitéiseach níos fearr a áirithiú i dtaca le soláthar raidiseatóp. Cé go bhfuil sí ar thús cadhnaíochta ar an leibhéal domhanda maidir le raidiseatóip míochaine a sholáthar, braitheann an Eoraip go hiomlán ar na Stáit Aontaithe agus ar an Rúis chun úráiniam ardmheasúnachta íseal-saibhrithe miotalach a sholáthar agus chun roinnt iseatóp saibhrithe a sholáthar le haghaidh spriocanna táirgeachta raidiseatóp.

Is rímhór é, fós, spleáchas an Aontais ar an Rúis agus é ag iarraidh spriocanna cobhsaí iseatóp a sholáthar dó féin, spriocanna lenar féidir raidiseatóip áirithe a tháirgeadh a úsáidtear i radaiteiripí móilíneacha nua-aimseartha nó atá á bhforbairt, cuir i gcás Itéirbiam-176 a úsáidtear chun Lúitéitiam-177 a tháirgeadh.

Is fíordhúshlán é sin do shlabhra soláthair an raidiseatóip áirithe sin, a bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh méadú faoi thrí ar an éileamh domhanda ina leith sna blianta amach romhainn.

Braitheann an slabhra soláthair, freisin, ar na córais táirgthe ina n-úsáidtear imoibreoirí nó luasairí, chomh maith lena bpróiseáil agus a seachadadh chuig an ospidéal. Chun rochtain chomhionann ar chúram a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit, agus go háirithe na hionaid taighde agus na hospidéil, oibriú níos dlúithe ná riamh le chéile. Fós féin, ní hionann rochtain ar radaiteiripí ó Bhallstát go chéile, go háirithe ag na céimeanna forbartha agus píolótacha. Is é an aidhm atá ann rochtain níos tapúla a fháil ar chógais ag céim an taighde nó i gcás úsáid atruach, chomh maith le tuilleadh rochtana a áirithiú do na hospidéil bheaga a bhféadfadh saineolas agus bonneagar a bheith de dhíth orthu. D’fhéadfadh an rochtain seo a bheith ríthábhachtach do roinnt othar.

Tá an cistiú Eorpach le haghaidh taighde, forbairt agus nuálaíocht sa leigheas núicléach, go háirithe sna cláir Fís Eorpach agus Euratom, ríthábhachtach má táthar chun freastal ar riachtanais na n-othar. Ba cheart tionscadail straitéiseacha leasa choitinn a bheith ag an Eoraip sa réimse seo faoin gcéad leagan eile den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) a bheidh ag an Aontas amach anseo. Is tionscadail luachmhara iad

straitéis SAMIRA an Choimisiúin Eorpaigh agus an Tionscnamh Eorpach um Ghleann Raidiseatóp (ERVI) i ndáil le Plean Sáraithe Ailse na hEorpa. Ba cheart don Choimisiún Eorpach tuilleadh a dhéanamh agus an leigheas núicléach a áireamh ar bhealach níos suntasaí i bPlean Sáraithe Ailse na hEorpa agus i Misean Ailse de chuid Fís Eorpach.

Ba cheart do na Ballstáit, freisin, beartais sláinte poiblí a mhaoiniú agus béim a leagan ar theicneolaíochtaí leighis raideolaíocha agus núicléacha. Ba dhea-chomhartha é sin don tionscal agus bheifí in ann forbairt agus fás an taighde, na nuálaíochta agus an bhonneagair thionsclaíoch a chur ar aghaidh san Eoraip. D'fhéadfadh sé níos mó daoine a mhealladh chuig an earnáil freisin.

Mar fhocal scoir, ní bheimid in ann soláthar raidiseatóp níos daingne a áirithiú san Eoraip ná freastal ar éileamh méadaitheach na n-othar ach amháin má dhéanaimid cinntí misniúla polaitiúla.

---




## AN T-AOI SPEISIALTA

**Tar éis a bheith ag fanacht 20 bliain mar thír is iarrthóir ar an Aontas, tá meath tagtha sa Mhacadóin Thuaidh ar thacaíocht an phobail do bhallraíocht san Aontas. Mar sin féin, in ainneoin an easpa dul chun cinn, moill agus tarraingt na gcos (tar éis feitheamh 15 bliana fiú sular cuireadh tús leis na cainteanna aontachais, arb é an bhearna is faide dá leithéid i stair an Aontais, deonaíodh stádas iarrthóra ar an Macadóin Thuaidh i mí na Nollag 2005), tá gealltanas faoi rathúnas eacnamaíoch agus gealltanas faoin gcobhsaíocht réigiúnach fós ag cothú dhréim na tíre chun ballraíocht a ghlacadh sa bhloc. Ach ní mór don Aontas a thaispeáint freisin go bhfuil sé toilteanach an próiseas aontachais a chur chun cinn agus luach saothair a thabhairt don dul chun cinn, a scríobhann ár n-aoi speisialta, Biljana Spasovska, Stiúrthóir Feidhmiúcháin Líonra na mBalcán Thiar um Fhorbairt na Sochaí Sibhialta agus 'comhalta as na tíortha is iarrthóirí' don Mhacadóin Thuaidh i CESE.**

*Is í Biljana Spasovska Stiúrthóir Feidhmiúcháin Líonra na mBalcán Thiar um Fhorbairt na Sochaí Sibhialta (BCSDN), líonra réigiúnach de eagraíochtaí na sochai sibhialta (ESSanna) a oibríonn le chéile chun an tsochaí shibhialta sna Balcáin a chumhachtú agus chun an fhorbairt sa réigiún a neartú. Tá sí ina comhchathaoirleach reatha freisin ar Chomhpháirtíocht ESS um Éifeachtacht Forbartha, ina comhalta den Chaighdeán Domhanda do chomhpháirtíocht Cuntasachta ESS, agus ina 'comhalta as na tíortha is iarrthóirí' de CESE.*

*Tá breis agus deich mbliana taithí ag Biljana ar iarrachtaí beartais agus abhcóideachta a threorú arb é is aidhm dóibh ról na sochaí sibhialta sna Balcáin a neartú agus a guth i bpróisis bheartais náisiúnta agus san Aontas a neartú. Bhí sí i gceannas ar roinnt tionscadal comhoibríoch réigiúnach, AE agus domhanda agus rannchuidigh sí leo freisin, agus na tionscadail sin dírithe ar thimpeallacht sochaí sibhialta níos cumasaithe, ar bheartas an Aontais Eorpaigh um méadú níos inchreidte, ar fhreagracht ar eagraíochtaí ón tsochaí shibhialta agus ar chomhar um fhorbairt níos éifeachtaí a chothú.*

*Bhain sí céim MA amach i Staidéir Idirdhisciplíneacha ó Ollscoil Bologna agus tá dochtúireacht á dhéanamh aici sa Domhandú agus sa Daonlathas.*

---



## AONTACHAS NA MACADÓINE THUAIDH SAN AONTAS EORPACH: NA DÚSHLÁIN, NA GEALLTANAIS AGUS AN BEALACH CHUN CINN

**le Biljana Spasovska,**

**Líonra na mBalcán Thiar um Fhorbairt na Sochaí Sibhialta (BC SDN)**

Is í uair na cinniúna í don Mhacadóin Thuaidh: tá sí ag iarraidh dul isteach san Aontas Eorpach ach is iomaí dris chosáin roimpi sa tslí agus is iomaí uair a bhí moill agus tarraingt na gcos ann de dheasca na díospóidí gan réiteach idir an dá thaobh agus de dheasca an mheatha atá tagtha ar thacaíocht an phobail. In ainneoin na gconstaicí seo, tá gealltanas an rathúnais eacnamaíoch agus gealltanas na cobhsaíochta go réigiúnach fós ag cothú dhréim na tíre chun ballraíochta san Aontas.

Léiríonn na suirbhéanna gur údar imní dúinn atá i dtuairimí an phobail, agus léiríonn siad go bhfuil an tacaíocht do bhallraíocht san Aontas ag fuarú le blianta beaga anuas. Is maith an teist an fuarú sin ar an bhfrustrachas mór atá an easpa dul chun cinn a chur ar mhuintir na tíre, agus teist dá réir ar an easpa tiomantais atá le leagan ar Bhallstáit an Aontais dar leis na daoine.

Ní bréag a rá míle constaic a bheith ar chosán na tíre chun aontachais, constaicí a théann thar theorainneacha na Macadóine Thuaidh amach. Dhá ní is dúshlán mór do phróiseas na lánpháirtíochta feasta: géarchéim an daonlathais agus an éagobhsaíocht pholaitiúil sa réigiún agus i measc Bhallstáit an Aontais, mar aon le náisiúnachas na heite deise a bheith ag teacht i dtreis. Mar sin féin, ainneoin na ndúshlán sin, ní gan dóchas atáthar agus is cinnte go bhfuil deis chun athnuachana ann, arae measann daoine go leor gur bealach é méadú an Aontais chun rathúnas agus caighdeán maireachtála níos fearr a chinntiú san am atá romhainn. Is maith an tuar freisin an tír a bheith ar aon reachtaíocht leis an Aontas i gcásanna áirithe cheana féin.

De réir a chéile feasta, ní mór don Mhacadóin Thuaidh tús áite a thabhairt don dul chun cinn áit a bhfuil leasuithe agus caibidlíocht i gceist sna réimsí seo a leanas: an smacht reachta, an ceartas, an daonlathas agus feabhsú an riaracháin phoiblí. Próiseas an aontachais a bheith ag brú chun cinn go soiléir sna réimsí thuasluaite, sin rud eile a chuirfeadh biseach ar an tacaíocht phoiblí atá ann don Aontas. Nuair atá an tír ag iarraidh ceart a bhaint den seacht gcor déag i gcosán an aontachais, is rud ríthábhachtach a bheidh sa tiomantas do na nithe seo a leanas: luachanna an daonlathais, an comhar réigiúnach, cinniúint na hEorpa i bpáirt le chéile.

Chaithfeadh an tír a leiriú go bhfuil aibíocht inti ó thaobh na polaitíochta de agus chaithfeadh sí na hathchóirithe riachtanacha a thabhairt i gcrích, ach ní mór don Aontas a léiriú do mhuintir na Macadóine Thuaidh gur próiseas cothrom atá i bpróiseas an aontachais, próiseas atá bunaithe ar an bhfiúntas, próiseas nach bhfuil ar stad ná ar scor. Faoi mar a tharla dúinn i gcás na hÚcráine, is mithid a léiriú go bhfuil sé de thoil pholaitiúil againn an t-aontachas a chur chun cinn; Ní mór luaíocht a bheith sa dul chun cinn, agus ní mór bearta a dhéanamh chun acmhainneacht leordhóthanach a ráthú ar an dá thaobh chun an próiseas a bhrú chun cinn.

Focal scoir: gura soiléir ar mhaithe le cách agus ar mhaithe leis an réigiún ar fad nach bhfuil rogha eile ann ab fhearr ná an Macadóin Thuaidh a theacht isteach san Aontas. Is tír bheag í an Mhacadóin Thuaidh, ach is saibhir an oidhreacht chultúrtha atá aici, agus a bhuíochas leis an suíomh straitéiseach atá aici, sin lena cuid tiomantais do luachanna an daonlathais, don chobhsaíocht, agus do dheiseanna réigiúnacha don fhás eacnamaíoch, is cinnte gur maith a neartófaí éagsúlacht agus comhtháthú an Aontais ach í a bheith ina Ballstát.

---




## EUROPEAN ELECTIONS – 6-9 JUNE 2024: I'M VOTING. ARE YOU?

**In the last article for our column, *I'm Voting. Are You?*, Head of Advocacy and Campaigning at the European Blind Union Antoine Fobe writes about the demands made by his organisation to make the elections more accessible. Despite the efforts invested by disability organisations, the EESC and the European Parliament, yet again it is too late for the European elections to set an example.**

---



## EISEAMLÁIR DEN VÓTÁIL INROCHTANA A DHÉANAMH DE NA TOGHCHÁIN EORPACHA: TÁ SÉ RÓMHALL AN BABHTA SEO

**Antoine Fobe a scríobh**

**Tá na toghcháin Eorpacha ag teannadh linn agus molaimid (Aontas na nDall san Eoraip) don lucht leanúna atá againn a vóta a chaitheamh, is cuma cé chomh deacair is atá sé sin i gcónaí, ach déanamh amhlaidh agus iad ag cuimhneamh ar an aird a thugann na hiarrthóirí agus na páirtithe ar an gcuimsiú i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiúnta Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas. Ní mór do na saoránaigh a bhfuil lagú radhairc orthu an méid atá uathu a chur**

**in iúl.**

Glór na ndall agus na ndaoine a bhfuil lagú radhairc orthu san Eoraip is ea Aontas na nDall san Eoraip (ADE). Bímid ag obair ar mhaithe le sochaí inrochtana chuimsitheach a bhaint amach, a mbeadh comhionannas deiseanna ann do na daoine a bhfuil lagú radhairc orthu rannpháirt iomlán a ghlacadh i ngach gné den saol. Is gné ríthábhachtach den scéal, gan amhras, an rannpháirtíocht pholaitiúil, mar cuireann sí ar chumas na saoránach a bhfuil lagú radhairc orthu beartais agus reachtaíocht a thacaíonn leis na daoine atá faoi mhíchumas a chur chun cinn trí bhíthin na vótála agus an ghníomhaithe pholaitiúil.

Anois agus toghcháin 2024 Pharlaimint na hEorpa ar na bacáin, is tábhachtach agus is mithid plé a dhéanamh ar rannpháirtíocht na ndaoine atá faoi mhíchumas, i gcáil vótálaithe agus iarrthóirí araon.

De réir thuarascáil 2019 ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE), baineadh an ceart vótála de thuairim is 400,000 duine atá faoi mhíchumas sna toghcháin Eorpacha deiridh. Is lú ná 5 % an líon d’Fheisirí Pharlaimint na hEorpa a bhfuil míchumas orthu.

Le haghaidh na dtoghchán atá ar tí tarlú san Eoraip, iarrann ADE, arís eile, sa Ráiteas uaidh maidir leis na toghcháin Eorpacha, caighdeán a leagan síos maidir le hinrochtaineacht na vótála (nósanna imeachta vótála), agus inrochtaineacht na faisnéise toghcháin (áiseanna agus ábhair na bhfeachtas toghchánaíochta, cláir na bpáirtithe polaitíochta), mar aon le comhionannas i dtaca leis an gceart seasamh i dtoghchán.

Dírímid ar thoghcháin Pharlaimint na hEorpa mar níl inniúlacht ag an Aontas Eorpach ach amháin maidir leis na toghcháin Eorpacha, rud a bhaineann le saoránacht an Aontais. Sna réimsí a bhfuil inniúlachtaí ag an Aontais iontu, ba chóir dó comhionannas a áirithiú ó thaobh na gceart de do na daoine atá faoi mhíchumas. Mar sin féin, ós rud é gur faoi inniúlacht na mBallstát atá sé i gcónaí na toghcháin a reáchtáil, bheadh tionchar ag an dea-chleachtas ar leibhéal an Aontais ar na toghcháin eile go léir.

Ar an drochuair, tá sé rómhall anois eiseamláir a dhéanamh de thoghcháin Eorpacha na bliana seo. Ní easpa spéise ó thaobh na Parlaiminte de is cúis leis seo, a mhalairt ar fad: mhol an Pharlaimint athchóiriú ar dhlí toghcháin an Aontais i mí na Bealtaine 2022, agus béim leagtha aici ar chearta na ndaoine atá faoi mhíchumas vóta a chaitheamh ar a gconlán féin agus faoi rún, mar aon le hinrochtaineacht na vótála poist agus na bhfeachtas polaitiúil. Níor thug Comhairle an Aontais Eorpaigh freagra ar an togra sin fós, faraor.

Don chéad tréimhse cúig bliana eile a bheidh ag reachtóirí an Aontais, iarrann ADE ar Fheisirí nuathofa na Parlaiminte leanúint den bhrú ar an gComhairle an t-athchóiriú atá beartaithe a ghlacadh agus dul chun cinn nithiúil a dhéanamh in am do thoghcháin 2029. Is féidir linn brath ar thacaíocht CESE, dream a d’iarr cheana féin in 2020 tionscnamh reachtach foirmiúil ar Pharlaimint na hEorpa d’fhonn fíorchearta vótála a áirithiú sna toghcháin Eorpacha do na daoine atá faoi mhíchumas. Is féidir linn brath freisin ar thacaíocht an Choimisiúin Eorpaigh a d’fhoilsigh an Nollaig seo caite ‘Treoraíocht maidir le dea-chleachtais thoghchánacha’ agus atá i mbun oibre faoi láthair ar choimre ar chleachtais ríomhvótála agus úsáid na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide sna toghcháin, dhá ábhar a thugann aghaidh ar ghnéithe den inrochtaineacht.




## BHÍ CESE PÁIRTEACH SA TIONSCNAMH ‘’, I RÁS INAR RITH LÍON REATHAITHE NACH BHFACTHAS A LEITHÉID RIAMH ROIMHE SA BHRUISÉIL

**Ar an 26 Bealtaine, ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa páirt sa 44ú eagrán den rás 20km sa Bhruiséil inar rith an líon is mó reathaithe dá bhfacthas riamh ag an imeacht agus 45 330 lúthchleasaí ag an líne tosaigh. Bhí CESE mar chuid den Choiste Eagrúcháin Idirinstitiúideach *Running for Europe,* a rith sa rás chun saoránaigh a spreagadh le vóta a chaitheamh sna toghcháin Eorpacha faoin mana ‘Úsáid do Vóta’. Bhí an Leas-Uachtarán um an gCumarsáid in CESE, Laurenţiu Plosceanu, chomh maith le hionadaithe ón gCoimisiún Eorpach agus ó Pharlaimint na hEorpa, ann ag líne tosaigh an ráis. Ba é Alex Kibet ón gCéinia an chéad duine chun an ráschúrsa a chríochnú agus d’éirigh leis an 20 km a rith i 59 nóiméad agus 57 soicind, agus ba í Sophie Hardy, ón mBeilg, an bhean is gasta, agus chríochnaigh sise an rás in 1 uair an chloig 10 nóiméad agus 56 soicind.**

# EESC NEWS



## Rabhadh tugtha ag CESE go mb’fhéidir nach ndéanfadh an Pacáiste maidir le Cosaint an Daonlathais beart de réir a bhriathair

**Bhí pacáiste an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Cosaint an Daonlathais ina ábhar díospóireachta ag seisiún iomlánach CESE i mí Aibreáin. Tá amhras curtha in iúl ag comhaltaí CESE faoina bhfuil an t-am ceart ann agus an cur chuige ceart roghnaithe don phacáiste, go háirithe maidir le haghaidh a thabhairt ar thionchar eachtrach. D’áitigh CESE nach bhfuil an pacáiste éifeachtach, ach, níos measa fós, go bhféadfadh sé dochar a dhéanamh do spásanna sibhialta san Eoraip freisin.**

D’ainneoin go bhfuil sé beartaithe leis an bpacáiste maidir le cosaint an daonlathais an trédhearcacht agus an chuntasacht dhaonlathach a fheabhsú san Eoraip, measann CESE go bhfuil locht mór air. Áitíonn sé go bhfuil an pacáiste i bhfad ródhéanach chun aon fhíorthionchar a imirt ar thoghcháin Eorpacha 2024 atá ar na bacáin agus gur theip air aghaidh a thabhairt ar na moltaí a rinne an Coiste roimhe seo maidir le daonlathas na hEorpa a neartú.

Is é a dúirt Uachtarán CESE, **Oliver Röpke**, maidir leis na ‘dainséir’ atá ann dár ndaonlathais go bhfuil sé tábhachtach béim a leagan ar fhreagairt láidir an Aontais agus ar dhea-theist an Choimisiúin reatha maidir le cosaint an daonlathais, na gceart bunúsach agus an smachta reachta. Dúirt sé freisin gur éist CESE leis na hábhair imní a chuir go leor gníomhaithe sa tsochaí shibhialta in iúl maidir leis na rioscaí a bhaineann leis an bpacáiste, agus nár mhór dúinn teacht ar chur chuige coiteann chun cosaint an daonlathais agus na coimircí uile a theastaíonn a úsáid le chéile chun an spás sibhialta a chaomhnú.

Cé go dtacaíonn CESE le cuspóirí trédhearcachta na treorach atá beartaithe maidir le brústocaireacht a dhéantar thar ceann tríú tíortha, tá sé go mór i gcoinne na modhanna atá beartaithe, agus rabhadh á thabhairt aige i gcoinne tionchar neamhbheartaithe ar na spásanna sibhialta. Dúirt **Christian Moos**, rapóirtéir na tuairime *An pacáiste maidir le cosaint an daonlathais*, go bhfuiltear den tuairim go bhfuil an treoir sin contúirteach. Seo mar a labhair sé: ‘Tá sé ar nós dlí ‘gníomhairí eachtracha’. D’fhéadfadh sé eagraíochtaí neamhrialtasacha a stiogmatú. Is léir gur cheart an togra reatha a tharraingt siar. Tá an baol ann go gcuirfidh sé leis an bhfadhb a bhaineann le laghdú na spásanna sibhialta san Eoraip, agus is rud é sin nach mbeadh ag teastáil go deo ón gCoimisiún.’

Chuir an comhrapóirtéir **José Antonio Moreno Díaz** amhras in iúl maidir le cumas an phacáiste aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna leis an lagú ar an daonlathas laistigh de theorainneacha AE. Trí dhíriú go róchúng ar bhagairtí seachtracha, déantar neamhaird sa phacáiste ar na hiarrachtaí fealltacha atá á ndéanamh chun na daonlathais san Aontas a dhíchobhsú ón taobh istigh, rud a chruthaíonn laige chontúirteach.

Tuigeann an Coimisiún go bhfuil ábhair imní ann faoi thionchar an phacáiste ar eagraíochtaí neamhrialtasacha ach creideann sé go bhfuil coimircí i bhfeidhm a chosnóidh iad. (gb)

---



## Tá comhaontú formheasta ag Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa chun Comhlacht Eitice idirinstitiúideach a chur ar bun

**Sa seisiún iomlánach a bhí ag CESE an 25 Aibreán, d’fhormheas sé comhaontú lena mbunófar comhlacht idirnáisiúnta maidir le caighdeáin eitice. Shínigh ionadaithe ó institiúidí agus ó chomhlachtaí rannpháirteacha an Aontais an comhaontú nua go foirmiúil an 15 Bealtaine. Tá sé beartaithe go dtiocfaidh sé i bhfeidhm an 6 Meitheamh, an chéad lá vótála sna toghcháin Eorpacha.**

Is éard atá sa chomhaontú ach céim shuntasach chun cinn i dtreo cultúr coiteann ionracais agus eitice a neartú.

Déanfaidh an comhlacht AE nua sin íoschaighdeáin choiteanna maidir le hiompar eiticiúil a fhorbairt, a thabhairt cothrom le dáta agus a léirmhíniú, agus foilseoidh sé tuarascálacha ar an gcaoi a bhfuil na caighdeáin sin léirithe i rialacha inmheánacha gach institiúide agus comhlachta rannpháirtigh de chuid an Aontais.

I dteannta CESE, glacfaidh na seacht n-institiúid agus gcomhlacht a leanas páirt sa chomhlacht nua: Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh, an Coimisiún Eorpach, Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, an Banc Ceannais Eorpach, Cúirt Iniúchóirí na hEorpa agus Coiste Eorpach na Réigiún.

Déanfaidh comhalta sinsearach amháin ionadaíocht ar gach institiúid atá rannpháirteach agus rothlóidh post chathaoirleach an chomhlachta idir na hinstitiúidí ar bhonn bliantúil.

Tacóidh cúigear saineolaithe neamhspleácha leis an obair a dhéanfaidh an comhlacht trí thuairimí a thabhairt arna iarraidh sin. Beidh aon pháirtí sa chomhaontú in ann dul i gcomhairle leis na saineolaithe sin maidir le dearbhuithe caighdeánaithe aonair i scríbhinn, lena n-áirítear dearbhuithe leasa. (mp)

---




## Iarrann an Coimisinéir Johansson tacaíocht ó CESE do chur chuige Fhoireann na hEorpa maidir le himirce an lucht saothair

**Ag an seisiún iomlánach a bhí aige i mí Aibreáin, phléigh Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) an Pacáiste Soghluaisteachta Tallainne. Is é atá sa tionscnamh seo sraith beart nua a ceapadh chun an tAontas a dhéanamh níos tarraingtí do thallann ó lasmuigh den Aontas, agus chun an tsoghluaiseacht laistigh den Aontas a éascú.**

D'iarr an t-aoichainteoir, an Coimisinéir um Ghnóthaí Baile, **Ylva Johansson**, ar CESE tacaíocht a chur ar fáil chun na Ballstáit agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta a thabhairt le chéile chun go nglacfaidh siad leis an nuálaíocht sin agus chun a áirithiú go mbeidh beartas éifeachtach ann maidir le himirce an lucht saothair.

Is ceann de na bearta bunúsacha sa Phacáiste Soghluaisteachta Tallainne é an tionscnamh 'Linn Tallaine', an chéad uirlis meaitseála deonaí ar leibhéal an Aontais, lenár féidir leis na Ballstáit leasmhara fostóirí ón Aontas agus cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha a thabhairt le chéile.

Chuir Uachtarán CESE, **Oliver Röpke**, i bhfios go láidir go bhfuil 'ganntanas mór lucht saothair agus scileanna roimh an Aontas i ngeall ar an aistriú chuig an ngeilleagar glas agus an geilleagar digiteach, agus dúshláin dhéimeagrafacha. Ionstraim amháin i measc ionstraimí eile is ea an pacáiste soghluaisteachta tallainne, ar féidir úsáid a bhaint aisti chun na dúshláin sin a mhaolú'.

D'iarr an Coimisinéir Eorpach um Ghnóthaí Baile, **Ylva Johansson**, go mbeidh cur chuige Fhoireann na hEorpa ann i leith imirce an lucht saothair a mbeidh gné Eorpach níos leithne ag baint leis. 'Is inniúlacht náisiúnta den chuid is mó í imirce an lucht saothair agus leanfaidh sí de bheith amhlaidh. Ach ní mór dúinn cur chuige Fhoireann na hEorpa a chruthú, cur chuige ina mbeidh institiúidí an Aontais, na Ballstáit agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta ag obair le chéile chun tionscnaimh nua a chur ar fáil agus chun cur chun feidhme beartas soghluaisteachta saothair a éascú.'

Chuir **Tatjana Babrauskienė**, comhalta de CESE agus rapóirtéir na tuairime *Pacáiste Soghluaisteachta Tallainne* a glacadh ag an seisiún iomlánach sin, i bhfios go láidir 'nach mór do Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a bheith ina huirlis phraiticiúil atá éasca le húsáid, iontaofa, agus tarraingteach ó thaobh na n-

oibrithe agus na bhfostóirí de. Ag an am céanna, ní mór di tacú le himirce dhleathach chothrom agus eiticiúil an lucht saothair’. (at)

---



## Tá ríméad ar CESE faoi vóta stairiúil Pharlaimint na hEorpa an foréigean inscnebhunaithe a chomhrac agus athdhearbhaíonn sé arís eile go bhfuil sé tiomanta do chearta na mban a chur chun cinn

**Bean amháin as gach deichniúr, níl aici ach ón lámh go dtí an bhéal. Bean amháin as gach triúr, bíonn foréigean á dhéanamh uirthi. Táthar ag cur i gcoinne chearta na mban ar bhonn níos coitianta sa domhan trí chéile, agus an tAontas san áireamh. Agus na toghcháin Eorpacha agus bunú an chéad Choimisiúin Eorpaigh eile ag druidim linn go tapa, tá sé an-tábhachtach go deo go leanfaí den tacaíocht institiúideach agus de thacaíocht na sochaí sibhialta chun na mná agus na cailíní a chumhachtú a thuilleadh fós.**

An 25 Aibreán, bhí seisiún iomlánach ag **Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE)** inar thug sé faoi dhíospóireacht le cuid de phríomheagraíochtaí an Aontais ó thaobh chur chun cinn an chomhionannais inscne de. Ba é cuspóir na díospóireachta sin a chur i bhfáth gur práinneach fós leanúint den troid ar son chearta na mban sa chéad tréimhse oifige eile a bheidh ag an Aontas.

Bhí an díospóireacht sin ann lá tar éis do Pharlaimint na hEorpa cead a thabhairt don chéad Treoir ón Aontas maidir leis an bhforéigean inscnebhunaithe a chomhrac. Ba é téama na díospóireachta na conclúidí ón 68ú seisiún de Choimisiún na Náisiún Aontaithe um Stádas na mBan. Is é an Coimisiún um Stádas na mBan an fóram idirnáisiúnta is mó ar domhan chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo an comhionannas inscne a bhaint amach. I mbliana tá an fóram ag díriú ar an mbochtaineacht i measc na mban.

Chun cur leis an seisiún sin den Choimisiún um Stádas na mBan, a tionóladh i mí an Mhárta i Nua-Eabhrac, chuir CESE isteach an dearbhú ‘Comhionannas idir fir agus mná i réimse na bochtaineachta’. Leagtar amach 10 bpointe gníomhaíochta sa dearbhú sin maidir le cumhachtú eacnamaíoch agus cosaint shóisialta na mban.

‘Níl an bhochtaineacht neodrach ó thaobh inscne de agus, mar sin, ní féidir linne freagairt neodrach a thabhairt uirthi ach oiread. Nuair a dhéantar foréigean ar bhean, bíonn tionchar aige sin ar a dhóichí atá sé go dtitfidh sí i ngreim ag an mbochtaineacht agus ar an gcumas atá inti páirt chomhionann a ghlacadh sa mhargadh saothair. Ní féidir liom, mar sin, gan bheith sásta faoin vóta deiridh a rinne Parlaimint na hEorpa maidir leis an gcéad Treoir riamh chun na mná a chosaint ar an bhforéigean inscnebhunaithe agus ar an bhforéigean teaghlaigh ar an leibhéal Eorpach,’ arsa **Oliver Röpke, Uachtarán CESE**.

A bhuí le gníomhaíocht chomhbheartaithe ar gach uile leibhéal, d’éirigh leis an gCoimisiún roinnt garspriocanna a bhaint amach sa téarma oifige seo, amhail Treoir an Aontais maidir le trédhearcacht

pá. B'in an méid a bhí le rá ag **Lanfranco Fanti**, comhalta de chuid oifig phríobháideach Helena Dalli, an Coimisinéir um Chomhionannas.

D'iarr na rannpháirtithe sa díospóireacht go mbunófaí leagan amach i gComhairle an Aontais Eorpaigh a bheadh tiomanta don chomhionannas inscne, sin agus go mbunófaí comhordaitheoir AE maidir leis an bhforéigean in aghaidh na mban agus sainordú athnuaite don Choimisinéir um Chomhionannas.

'Is éard atá uainn tacaíocht pholaitiúil ón Aontas,' a dúirt **Florence Raes**, Stiúrthóir Mhná na Náisiún Aontaithe, an Bhruiséil. Cé go bhfuil fíordhul chun cinn déanta ó thaobh an chomhionannais de, tá an bonn á bhaint de chearta na mban ar bhealach nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe agus tá an baol ann, agus an baol sin ag dul i méid, go mbainfí an comhionannas inscne den liosta tosaíochtaí atá ann.

'Agus tú i do bhean de bhunadh grúpa mionlaigh, beidh an saol dian ort. Ní mór dúinn a choinneáil i gcuimhne nach leor an comhionannas a thuilleadh: ní comhionannas go trasnachas,' is ea a dúirt **Ilaria Todde**, Stiúrthóir Abhcóideachta EuroCentralAsian Lesbian Community.

'Tá an foréigean in aghaidh na mban fréamhaithe go domhain sna córais phatrarcacha atá ann ar fud an domhain. Ceiliúraimid inniu glacadh na chéad Treorach riamh ón Aontas maidir leis an bhforéigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh,' arsa **Mary Collins**, Stiúrthóir Bhrúghrúpa Mhná na hEorpa. (II)

---




## 'Ní mór dúinn ár n-earraí agus ár dteicneolaíochtaí a onnmhairiú, ach ár bpoist a choinneáil sa bhaile. Ní mór infheistiú san Eoraip'

**Le linn sheisiún iomlánach CESE i mí Aibreáin, rinne Leas-Ardstiúrthóir um an Margadh Inmheánach, Maive Rute, agus Uachtarán CESE, Oliver Röpke, béim a leagan ar a thábhachtaí atá sé iomaíochas an Aontais a neartú, má táthar chun fás an gheilleagair a mhéadú agus folláine na sochaí a chur chun cinn.**

Dar le **M.Rute**, níl am ar bith le spáráil. Ní mór don Aontas beart a dhéanamh gan mhoill, má theastaíonn uaidh an bhris a thabhairt isteach agus an fód a sheasamh in aghaidh neart as cuimse ollchumhachtaí eacnamaíocha na cruinne.

Seo mar a thug sí a meas ar iomaíochas an Aontais i láthair na huaire: 'Athrú ó bhonn atá ag teastáil uainn. Ní leor cur chun feidhme an mhargaidh aonair a fhágáil faoin dea-thoil – teastaíonn forfheidhmiú ceart mar chúl taca aige. Ní mór dúinn ár n-earraí agus ár dteicneolaíochtaí a onnmhairiú, ach ár bpoist a choinneáil sa bhaile. Ní mór dár dtionscail a bheith iomaíoch agus ní mór infheistiú san Eoraip.'

Chuir **O.Röpke** i bhfáth go raibh an t-iomaíochas ar cheann de na bunchlocha ar ar tógadh ráth eacnamaíoch an Aontais, go raibh sé ina chúis mhór leis an bhfás, an nuálaíocht agus an rathúnas san Eoraip, agus gur chuir sé go mór le tionchar domhanda agus athléimneacht an Aontais. Dúirt sé an méid a leanas freisin: 'Agus iomaíochas na hEorpa á phlé againn, tá sé ríthábhachtach na daoine a chur i gcroílár na

díospóireachta agus nach bhfágfaí aon duine ar lár. I ndeireadh na dála, meastar mar atá ag éirí leis an iomaíochas de réir an tionchair a imríonn sé ar fholláine, deiseanna agus rathúnas an duine aonair agus an phobail. Dá bhrí sin, i ndíospóireacht ar bith faoin iomaíochas, ba cheart tús áite a thabhairt do riachtanais, cearta agus mianta na ndaoine.'

Glacadh tuairim sa seisiún iomlánach freisin, mar a bhí *Straitéis iomaíochais san fhadtéarma*, tuairim a bhí tarraingthe suas ag an rapóirtéir **Emilie Prouzet** agus an comhrapóirtéir **Stefano Palmieri**. (mp)

---



## Réitigh nuálacha don gheilleagar ciorclach: leagann comhdháil shuaitheanta CESE an bealach amach d'aistriú na hEorpa

**I mbliana, chuaigh Ardán Eorpach Gheallsealbhóirí an Gheilleagair Chiorclaigh (ECESP), tionscnamh arna fhorbairt agus arna óstáil go comhpháirteach ag Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE), i gcomhar le hUachtaránacht na Beilge ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus leis an bhFóram Domhanda um an nGeilleagar Ciorclach (WCEF) atá bunaithe san Fhionlainn, chun a chomhdháil shuaitheanta a eagrú, comhdháil a reáchtáladh an 15 agus an 16 Aibreán.**

Tionóladh an chomhdháil san ionad comhdhála 'Square' sa Bhruiséil agus ghlac níos mó ná 1 000 rannpháirtí agus 150 cainteoir páirt inti. Cuireadh réitigh i láthair a raibh tionchar mór acu agus a bunaíodh ar na torthaí eolaíocha is déanaí. Labhair toscairí CESE faoin rath atá ar ECESP.

Mhol **Cillian Lohan**, comhalta de CESE agus comhbhunaitheoir ECESP, an t-ardán agus dúirt sé gurb éard atá ann 'líonra na líonraí' a thugann an ceapadh beartas agus an tsochaí shibhialta le chéile chun dul chun cinn ciorclach a bhaint amach. Leag **Anders Ladefoged**, ball de Ghrúpa Stiúrtha ECESP, béim ar ról an ardáin maidir le dul chun cinn agus bearnaí na hEorpa a phlé a mhéid a bhaineann leis an gciorclaíocht, agus chuir sé in iúl gur ardán atá bunaithe ar an gcomhoibriú agus ar an bhfoghlaim atá ann. Leag **Maria Nikolopoulou**, comhalta de chuid CESE, béim ar idirghníomhaíocht mhéadaitheach an ardáin, rud a éascaíonn an t-idirphlé trí thionscnaimh amhail #EUCircularTalks.

Le linn sheisiún iomlánach deiridh na comhdhála, d'fhógair an **Coimisinéir um Chomhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta, Jutta Urpilainen,** dhá thionscnamh chun tacú leis an aistriú domhanda chuig geilleagar ciorclach: an Lárionad um Acmhainní do Gheilleagar Ciorclach an Aontais, a mhaoineoidh an Coimisiún Eorpach trí EUR 15 mhilliún a chur ar fáil, agus an clár 'SWITCH to Circular Economy in East and Southern Africa' a gcuirfidh an Coimisiún EUR 40 milliún ar fáil ina leith thar thréimhse cúig bliana. Gheall an t-ardán go dtabharfadh sé tacaíocht don dá thionscnamh sin.

Faoin ardán seo a thionscain CESE agus an Coimisiún Eorpach in 2017, cuirtear an t-idirphlé chun cinn, scaiptear dea-chleachtais agus cuirtear faisnéis ar fáil maidir leis an ngeilleagar ciorclach chun gníomhaíochtaí a dhéanamh de na físeanna. Tá CESE ag tacú go gníomhach leis an gciorclaíocht. In 2015 chuir sé in iúl go dtacódh sé le Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh don Gheilleagar Ciorclach. Is éard atá san ardán iarracht chomhpháirteach chun na geallsealbhóirí uile a rannpháirtiú chun fís chiorclach a

bhaint amach, arb é is aidhm di dlús a chur leis an aistriú tríd an idirphlé agus tríd an gcomhar.

---




## Tá cumhachtaí eachtracha in ann leas a bhaint as bréagaisnéis chun dochar a dhéanamh dár sochaithe

**Mar chuid den tionscadal atá ag CESE maidir leis an mbréagaisnéis, tionscadal atá á chur chun feidhme le cabhair ón tsochaí shibhialta, d’eagraigh an Rannóg um Chaidreamh Seachtrach (REX) an dara feachtas móide comhdháil maidir le comhrac na bréagaisnéise.**

Bhí rath ar an bhfeachtas a d’eagraigh CESE sa Bhulgáir níos túisce i mbliana, agus cuireadh tús leis an dara feachtas, an feachtas sa Mholdóiv, an 18 Aibreán. Le deireanas a chuir an Mholdóiv le hinniúlachtaí na tíre i réimse na cumarsáide straitéisí agus an idirphlé straitéisigh. Cuireadh dhá chomhlacht ar leith ar bun sa tír, mar atá, an Lárionad um an gCumarsáid Straitéiseach agus um Chomhrac na Bréagaisnéise agus an Lárionad um Thionscnaimh Shibhialta do Mhionlaigh Náisiúnta.

Is i gCísineá a tionóladh an chomhdháil i gcomhar le hOllscoil Stáit na Moldóive.

Ag labhairt dó ag an gcomhdháil, leag Uachtarán CESE, **Oliver Röpke**, béim ar a thábhachtaí atá sé an t-idirphlé a chur chun cinn agus ról a thabhairt do na saoránaigh uile, ó chúlraí agus ó phobail éagsúla, chun an trasnaíocht eachtrach agus an bhréagaisnéis a chomhrac.

Is go cothrománach go minic a scaiptear an bhréagaisnéis i measc an phobail, rud a chiallaíonn nach cur chuige ón mbarr anuas an réiteach is fearr chun dul i ngleic leis an bhfadhb ach machnamh agus rannpháirtíocht dhíreach na saoránach a spreagadh. Is féidir leis an tsochaí shibhialta eagraithe ról ríthábhachtach a bheith aici sa phróiseas sin, ós rud é go bhfuil an bhréagaisnéis ag baint an bhoinn de chreatlach ár sochaithe.

Thug **Ana Revenco**, Stiúrthóir an Lárionaid um an gCumarsáid Straitéiseach agus um Chomhrac na Bréagaisnéise, a bhí ar dhuine de na príomhchainteoirí ag an gcomhdháil, le fios nach bhféadfadh na saoránaigh an bhréagaisnéis a chomhrac as a stuaim féin agus go bhféadfadh an Lárionad feabhas a chur ar a scileanna le go bhféadfaí an bhréagaisnéis thocsaineach a chomhrac go fadtéarmach.

‘Ní sprioc réalaíoch é deireadh a chur leis an mbréagaisnéis. Díreofar ár gcomhiarrachtaí ar an mbréagnuacht a bhréagnú agus a chosc agus ar an tionchar díobhálach a bhíonn acu ar ár sochaithe a mhaolú,’ a dúirt sí.

Dúirt **Mihai Peicov**, ceann an Lárionaid um Thionscnaimh Shibhialta do Mhionlaigh Náisiúnta, go raibh cruthú an lárionaid sin ina chéim thábhachtach a ghlac an rialtas chun gach duine a lánpháirtiú sa tsochaí. Dúirt sé freisin go raibh gá le beartais nua oideachais do mhionlaigh.

Leagadh béim sa chomhdháil ar ról an oideachais agus ar an bhfócas ar dhaoine óga, ós rud é gurbh iad na grúpaí ab óige – mic léinn agus iriseoirí a d’fhreastail ar an gcomhdháil – a nocht a lán de na tuairimí.

Tá an tuarascáil físe maidir leis an gcomhdháil le feiceáil anseo.

**#EUvsDisinfo** (at)

---



## Comhchoistí Comhairliúcháin AE-na Seirbia agus AE-Mhontainéagró chun faireachán a dhéanamh ar chaibidlíocht maidir le haontachas agus chun an plean nua fáis a phlé

**Thionóil an Rannóg um Chaidreamh Seachtrach (REX) in CESE dhá chruinniú lena mhacasamhail sa tSeirbia agus i Montainéagró faoi chuimsiú na gComhchoistí Comhairliúcháin. Cuireann an institiúid chomhpháirteach sin ar chumas eagraíochtaí na sochaí sibhialta ar an dá thaobh faireachán a dhéanamh ar chaibidlíocht aontachais na tíre, saincheisteanna leasa choitinn a phlé, agus aird a tharraingt ar ábhair imní nach mór dul i ngleic leo agus iad ar an mbealach dul isteach san Aontas Eorpach.**

An 5 Aibreán 2024, chuir CESE fáilte roimh chomhaltaí na Seirbia den Chomhchoiste Comhairleach chun na Bruiséile chun plé a dhéanamh ar staid reatha na himeartha maidir leis an gcaidreamh idir an tAontas agus an tSeirbia agus maidir leis an gcaibidlíocht faoin bpróiseas aontachais leis an Aontas. I measc na saincheisteanna eile a bhí le plé, bhí na deiseanna don tSeirbia a cuireadh i láthair leis an bPlean fáis nua agus an tSaoráid Athchóirithe agus Fáis do na Balcáin Thiar, an staid iarthoghcháin sa tír agus forléargas ar staid an daonlathais agus an smachta reachta.

Ag an ócáid bhí Ceann Misin ar Phoblacht na Seirbia chuig an AE, **Danijel Apostolović**, agus é nuacheaptha, agus leag sé béim ar an seasamh céanna atá ag an Aontas agus ag an tSeirbia a mhéid a bhaineann le comhar níos dlúithe, i ndáil leis na saincheisteanna ábhartha go léir a bhaineann le cainteanna chaibidlíocht aontachas na Seirbia.

Leag **Laurentiu Plosceanu**, Leas-Uachtarán um an gCumarsáid in CESE, béim ar an tábhacht atá na cruinnithe sin ós rud é go ráthaíonn siad go mbeidh ionadaithe ón tsochaí shibhialta i láthair, d’fhonn cur le hinsint an aontachais Eorpaigh sa tSeirbia.

Glacadh dearbhú comhpháirteach ag deireadh an chruinnithe, agus cuirfear é sin ar aghaidh chuig institiúidí an Aontais agus chuig na húdaráis áitiúla agus chuig an rialtas sa tSeirbia.

Is féidir leat féachaint ar fhís-tuarascáil ar an gcruinniú anseo.

An 13 Bealtaine, toghadh comhalta de Chomhchoiste Comhairliúcháin AE-na Seirbia **Nataša Vučković** ina huachtarán nua ar an gComhlachas Eorpach um Dhaonlathas Áitiúil (ALDA). Rinne Laurentiu Plosceanu ionadaíocht thar ceann CESE ag Comhthionól Ginearálta ALDA in Barcelona, agus thréaslaigh sé le Nataša Vučković as an gceapachán.

******

Tionóladh an 18ú cruinniú de Chomhchoiste Comhairliúcháin AE-Mhontainéagró i bPodgairítse an 16 Aibreán agus cuireadh in iúl go soiléir d'institiúidí an Aontais go bhfuil Montainéagró tiomanta go daingean do bheith ar an 28ú Ballstát faoi 2028.

Mhol comhaltaí an Chomhchoiste Comhairliúcháin dá n-eagraíochtaí, do na húdaráis náisiúnta agus d'institiúidí an Aontais a seacht ndícheall a dhéanamh chun na tagarmharcanna eatramhacha maidir leis an smacht reachta a bhaint amach. Bainfidh an-tábhacht, i gcomhthéacs phróiseas aontachais an Aontais, leis an Tuarascáil Eatramhach maidir le Measúnú Tagarmhairc (IBAR) a fháil don smacht reachta faoi mhí an Mheithimh, rud a fhágfaidh go mbeifear in ann rudaí eile a chur i gcrích go sealadach.

Dúirt **Decebal-Ştefăniță Padure**, comhchathaoirleach agus comhalta CESE, gur cheart d'údaráis Mhontainéagró a spriocanna uaillmhianacha a bhaint amach, agus gur cheart go mbeadh an tsochaí shibhialta eagraithe rannpháirteach i ngach céim den chaibidlíocht aontachais. D'iarr an comhchathaoirleach ó thaobh Mhontainéagró, **Gordana Đurović**, ar na geallsealbhóirí uile tacú leis na hiarrachtaí chun tuarascáil dhearfach a fháil ón gCoimisiún faoi mhí an Mheithimh.

Dhírigh an príomh-idirbheartaí, an Dr **Predrag Zenović**, aird ar an ról tábhachtach agus ar an chabhair nithiúil a thugann an tsochaí shibhialta sa phróiseas caibidlíochta, agus ar an bhfíoras go dtacaíonn 80 % de mhuintir Mhontainéagró le ballraíocht na tíre san Aontas Eorpach.

Thug Ambasadóir Mhontainéagró an Aontais **Oana Cristina Popa** faoi deara go ndealraíonn sé mar go bhfuil an chobhsaíocht riachtanach bainte amach ag Montainéagró faoi dheireadh chun díriú ar aontachas san Aontas mar phríomhthosaíocht straitéiseach agus dúirt sí go ndéanfaidh siad gach iarracht chun a chinntiú nach gcaillfí an deis seo.

Glacadh **dearbhú comhpháirteach** ag deireadh an chruinnithe, déanfar an dearbhú sin a chur i láthair don Choiste Cobhsaíochta agus Comhlachais, don Choiste Parlaiminteach Cobhsaíochta agus Comhlachais, don tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, don Choimisiún Eorpach agus do Rialtas Mhontainéagró. (at)

---



## Tharraing CESE aird ar an tábhacht a bhaineann le vóta a chaitheamh i dtoghcháin Eorpacha 2024 ar Lá Oscailte 2024

**D'oscail an Coiste a dhoirse don phobal ar a Lá Oscailte traidisiúnta a bhí ar siúl Dé Sathairn an 4 Bealtaine 2024. Cuireadh daoine ar an eolas faoi ról an Choiste i measc na n-institiúidí Eorpacha agus spreagadh a bhfiosracht sna toghcháin Eorpacha atá ar na bacáin.**

I rith an lae, d'eagraigh CESE roinnt gníomhaíochtaí ina cheannáras, foirgneamh Jacques Delors sa Bhruiséil. Bhí na rannpháirtithe in ann cuairt a thabhairt ar an bhfoirgneamh chun fáil amach faoin méid a d'fhéadfadh CESE a dhéanamh do dhaoine, chun foghlaim faoi ról an Choiste i bpróiseas cinnteoireachta an Aontais, agus chun a leasanna agus a n-ábhair imní a roinnt le comhaltaí CESE.

Bhí deis ag na cuairteoirí freisin a fháil amach cad a dhéanann comhaltaí CESE ina dtíortha dúchais agus ghlac siad páirt i ngníomhaíochtaí beo, amhail cluichí idirghníomhacha, tráth na gceist faoin Aontas, agus péinteáil aghaidheanna do leanaí.

Ar maidin, chuir an Coiste fáilte roimh ghrúpa de chomhaltaí agus baill foirne ó CESE a rinne rothaíocht thar na céadta ciliméadar ar fud na Fraince agus na Beilge chun feasacht a mhúscailt faoin tábhacht a bhaineann leis na toghcháin Eorpacha.

Faoi cheannas **Bruno Choix**, comhalta de chuid CESE ó Ghrúpa na bhFostóirí, thaistil an grúpa ó Caen (sa Fhrainc) go dtí an Bhruiséil ar feadh ceithre lá, agus chuir siad achar de thart ar 500 km san iomlán díobh. Tháinig comhaltaí agus baill foirne eile de chuid CESE le chéile leo don stáir dheireanach ó Waterloo go ceannáras CESE sa Bhruiséil. (mp)

---



## Léiriú '20 Days in Mariupol' in CESE, scannán faisnéise Úcránach a bhfuil gradam Oscar buaite aige

**An 24 Aibreán, d'eagraigh CESE imeacht chun an scannán faisnéise Úcránach '20 Days in Mariupol' a léiriú. Is scannán é sin ar éirigh leis gradam Oscar a bhuachan i mbliana sa chatagóir 'An Príomhscannán Faisnéise Is Fearr'.**

Léiríonn an scannán imeachtaí an 20 lá corrach nuair a bhí stiúrthóir an scannáin, an t-iriseoir **Mstyslav Chernov**, agus a chomhghleacaithe, i gcathair Mariupol siar i mí Feabhra agus mí an Mhárta 2022 chun taifead a dhéanamh ar léigear brúidiúil na Rúise ar Mariupol, mórchalafort de chuid na hÚcráine ar Mhuir Mheoid. Ag obair leis don eagraíocht nuachta Associated Press, ba iad Chernov agus a fhoireann na hiriseoirí eachtracha deireanacha le himeacht ón gcathair sular ghabh arm na Rúise í. Tá a lorg fágtha ar fud an domhain ag na taifeadtaí agus na grianghraif thochtmhara a ghlac an fhoireann. Feictear, mar shampla, ospidéal máithreachais a bombardaíodh go dona chomh maith le bombardú a rinneadh ar amharclann na cathrach a bhí á húsáid mar fhoscadh ag leanaí. Léiriú is ea an scannán ar uafáis ainghníomhartha arm ionraidh na Rúise i gcoinne dhaonra sibhialta na hÚcráine.

Anuas ar Ghradam an Acadaimh, tá an-chuid gradaim eile mór le rá bainte amach ag '20 Days in Mariupol', go háirithe gradam BAFTA don Scannán Faisnéise is Fearr agus Gradam an Lucht Féachana ag an bhféile scannán Sundance sa chatagóir 'Scannán Faisnéise Idirnáisiúnta'.

Bhí Uachtarán CESE, **Oliver Röpke**, i láthair ag an léiriú, i dteannta roinnt aíonna eile mór le rá, ina measc sin a Shoilse **Vsevolod Chentsov**, Ceann Mhisean na hÚcráine chuig an Aontas Eorpach, agus **Yevhen Tuzov**, duine de phríomhphearsana an scannáin.


'Ní mór dúinn a choinneáil i gcuimhne i gcónaí go bhfuil dualgas sollúnta orainn fianaise a thabhairt leis an stair. Tá teachtaireacht shoiléir ag an scannán seo: ní mór dúinn a chur in iúl don domhan impleachtaí na fuatha. Ná ligimis i ndearmad na híobairtí atá déanta ag daoine na hÚcráine, ná an athléimneacht a

thaispeáin siad in aghaidh an aimhleasa. Ní hamháin gur léiriú ar na luachanna a chomhroinnimid an t-ionchas go mbeidh an Úcráin ina Ballstát den Aontas, ach is léiriú dóchais é freisin go bhfuil laethanta níos fearr le teacht,’ arsa **Oliver Röpke**, Uachtarán CESE.

Is gránna an léiriú é ‘20 Days in Mariupol’ ar an gcruatan a tháinig as fogha na Rúise, ach is léiriú é nach mór a thabhairt san am céanna. Is údar mórtais dom a rá gur ar thaobh na hÚcráine atá an Coiste seo againn ag seasamh, gan stad gan staonadh, agus ar thaobh shochaí shibhialta bhríomhar na hÚcráine chomh maith, na laethanta deacra seo. Is mór againn ar fad go bhfuil sibh anseo linn anocht,’ is ea a dúirt **Aurel Laurențiu Plosceanu**, Leas-Uachtarán um an gCumarsáid in CESE. Ó chuir an Rúis tús leis an gcogadh foghach, sheas CESE go daingean leis an Úcráin agus le sochaí sibhialta na hÚcráine, agus neartaigh sé ar an gcomhar idir é féin agus eagraíochtaí shochaí shibhialta (ESSanna) na hÚcráine trí mheán Ardán Sochaí Sibhialta AE-na hÚcráine. Chuir sé mol ar bun don Úcráin chun áit oibre a chur ar fáil sa Bheilg do ESSanna ón Úcráin. Chuir sé tús leis an tionscnamh ‘Comhaltaí as na tíortha is iarrthóirí’ chun saineolas CESE a roinnt le ESSanna ón Úcráin. Thug toscaireacht ardleibhéil ó CESE, faoi stiúir an **Uachtaráin Röpke**, cuairt ar an Úcráin i mí na Samhna chun teacht le chéile leis an Aire Forbartha Eacnamaíche agus Trádála **Yuliia Svyrydenko**, le hionadaithe na Parlaiminte (*Verokhna Rada*) agus le hionadaithe ón tsochaí shibhialta. Thug comhaltaí CESE ómós d’íospartaigh Úcránacha an chogaidh ag leachtanna cuimhneacháin cogaidh timpeall na tíre.

Leis an léiriú seo, a eagraíodh ar iarraidh **Andris Gobiņš**, comhalta de CESE ón Laitvia, cuirtear in iúl arís eile dlúthpháirtíocht shochaí shibhialta na hEorpa leis an Úcráin agus le muintir na hÚcráine. Mar ócáid ar imeall leis an bpríomhimeacht, bhí taispeántas grianghraf ann freisin don lucht féachana maidir le cathair Mariupol agus í faoi léigear. Eagraíodh an taispeántas sin i gcomhar leis an gcumann Ukra-Bel.

---




## ‘Ós comhair ár dhá súil’ – blaiseadh d’ealaín na Beilge in CESE

Más spéis leat ealaín na Beilge, buail isteach chuig an taispeántas *Before our very eyes* in Aitriam 6 d’fhoirgneamh Jacques Delors in CESE, Rue Belliard 99, roimh an 28 Meitheamh.

Is ann a bheidh lón súl agus lón machnaimh daoibh i saothar triúir de lucht ealaíne na Beilge: Luk Vander Plaetse, Hugues Legros agus Thibault Choquel.

Grianghrafadóireacht, ealaín ghrafach agus dearthóireacht a chleachtann an triúr, agus trí bhíthin a gcuid grianghraf, cuirfidh siad áilleacht an ghnáthruda ar bhur súile daoibh. *Before our very eyes*: ‘músclóidh sé filíocht an duine ionat idir mhín agus fhiáin, filíocht a bhfuil iliomad seánraí agus daoine fite fuaite ina chéile ann’.

Is iad comhaltaí CESE na Beilge a d’eagraigh an taispeántas le tacaíocht ó fhoireann comhordaitheoirí. Is cuid d’Uachtaránacht na Beilge ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh atá sa taispeántas, uachtaránacht dár críoch 1 Iúil 2024. Dar le lucht a heagraithe gur deis atá san uachtaránacht le béascna na tíre a chur i láthair, sin agus le cultúr na Beilge a chur chun cinn laistigh den Eoraip agus san iasacht araon. (ll)

# NEWS FROM THE GROUPS




## An cás gnó maidir le méadú ollmhór eile ar an Aontas Eorpach, rud a d’fhágfadh 36 Bhallstát ann

**Le Stefano Mallia, Cathaoirleach Ghrúpa na bhFostóirí i gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa**

Ag tógáil dúinn ar an taithí atá faighte againn le scór bliain anuas agus ar na seacht mbabhta méadúcháin atá tarlaithe ó cuireadh tús leis an tionscadal Eorpach, b’iomchuí comóradh a dhéanamh, is dócha, ar an méadú ‘ollmhór’ a tharla in 2004 le roinnt fíricí agus figiúirí d’fhonn cur in éadan na ndíospóireachtaí teasaí a bheidh ar siúl agus toghcháin na hEorpa i mí an Mheithimh ag teannadh linn.

De thoradh an chogaidh atá á fhearadh san Úcráin le trí bliana anuas, tá saincheist an mhéadaithe i gcroílár an chláir oibre gheopholaitiúil Eorpaigh anois. An stádas mar thír is iarrthóir a bronnadh gan mhoill ar an Úcráin, ar an Moldóiv, ar an mBoisnia agus an Heirseagaivéin, agus ar an tSeoirsia, sin agus an chaibidlíocht aontachais a tionscnaíodh ar deireadh leis an Macadóin Thuaidh agus leis an Albáin, dul chun cinn dearfach atá iontu ó ba bheartas é an méadú a bhí ina stad le blianta móra fada.

I dtreo nach gcaillfear aon chuid den mhóiminteam nua seo, ba cheart dúinn an cás gnó a ghabhann leis a mhíniú go soiléir sothuigthe.

Ar ndóigh, is prionsabail dhosháraithe iad an daonlathú agus an smacht reachta, rud is fíor freisin i gcás an chur chuige bunaithe ar fhiúntas is dlúthchuid de phróiseas an mhéadaithe, ós amhlaidh nach féidir aon aicearra sa treo sin a ghearradh ná a ghabháil. Ar deireadh thiar thall, ní foláir a chur i luí gaidhte ar an bpobal cad é mar ghnóthachain eacnamaíocha agus rathúnas a bheidh ann don chéad ghlúin eile d’Eorpaigh, is é is dóichí.

Más léiriú ar an todhchaí an t-am atá thart, is féidir linn a rá go cinnte go bhfuil cás gnó le déanamh ar a shon gan bhréag, gan amhras. Tháinig méadú faoi thrí, nach mór, ar an trádáil idir na sean-Bhallstáit agus na Ballstáit nua le linn an phróisis fhoirmiúil réamhaontachais ó 1994 go 2004, agus tháinig méadú faoi chúig uirthi i measc na mBallstát nua féin. Tháinig méadú 4 % ar an meán in aghaidh na bliana ar an AE-15, mar a bhí an uair sin, ó thús an phróisis aontachais go dtí 2008, ó ba é an próiseas aontachais ba chúis le leath an fháis sin, rud a ghin 3 mhilliún post nua idir 2002 agus 2008.

Is léir dúinn ó COVID-19 agus an cogadh san Úcráin nach foláir don Aontas athmhachnamh a dhéanamh ar a athléimneacht eacnamaíoch féin, go háirithe i gcomhthéacs an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh. Tá sé beartaithe le REPowerEU go gcuirfear borradh ceart faoi tháirgeadh fuinnimh in-athnuaite na hEorpa. Leis an nGníomh um an Tionscal Glan-nialasachta agus leis an nGníomh um Amhábhair Chriticiúla, is amhlaidh a dhéanfar 40 % de shlabhraí luacha na n-ábhar glas agus na n-amhábhar a atreorú chuig an Aontas. Tá a ról

tábhachtach féin ag na tíortha is iarrthóirí ar aontachas leis an Aontas, go háirithe an Úcráin, rud a chuirfidh breis slándáil eacnamaíoch ar fáil.


A fhad a bhaineann le hacmhainní nádúrtha, tá na cúltaiscí gáis is mó san Eoraip ag an Úcráin, gan an Iorua a chur san áireamh. Is ann freisin a tháirgtear cuid de na cainníochtaí hidreachumhachta is mó san Eoraip agus d'fhéadfadh sí cur lena hacmhainní táirgeachta in éineacht le foinsí eile fuinnimh ghlais, cuir i gcás an ghaoth, an ghrian agus an bhithmhais. Is onnmhaireoir mór miotal í an Úcráin, ina theannta sin, agus tá fosuithe litiam agus tearc-chré ann, rud atá ríthábhachtach do na tionscail ghlasa agus dhigiteacha.

San am céanna, tá tionscal talmhaíochta na hÚcráine ar cheann de na tionscail talmhaíochta is mó ar domhan. Dá ndéanfaí í a chomhtháthú sa mhargadh aonair, chuirfí go mór agus go fada le slándáil bia an Aontais.

Is léir agus is ríléir freisin cad iad na buntáistí do thíortha na mBalcán Thiar a bhaineann le rannpháirtíocht bhreise sa mhargadh aonair. Mar léiriú air sin, tá méadú seasta tagtha ar OTI na Cróite ó tháinig sí isteach san Aontas in 2013, rud a fhágann go bhfuil ioncam níos airde ag saoránaigh na tíre sin, agus meánmhéadú 67 % tagtha ar OTI *per capita* na tíre (ó EUR 10 440 in 2013 go dtí breis is EUR 17 240).

Is iomaí cor agus casadh a bhuailfidh leis na naoi dtír nua agus a slí á déanamh acu i dtreo na ballraíochta san Aontas Eorpach. Is mar sin a chaithfidh sé a bheith: más mian leis an Aontas a bheith ina chumhacht dhomhanda, ní mór dó a bheith ina chumhacht áitiúil i dtosach báire.

---



## Tá cinntí á ndéanamh ag daoine eile ar do shon – nach bhfuil sé in am duit rud éigin a dhéanamh faoi?

**Le Grúpa na nOibrithe in CESE**

**Is oiriúnach an feachtas ó Pharlaimint na hEorpa 'Úsáid do vóta, nó déanfaidh daoine eile cinneadh ar do shon'. San fhíseán a d'eisigh siad don toghchán pléitear na fréamhacha atá faoi thionscadal na hEorpa agus an cuspóir atá leis, is é sin, todhchaí shíochánta a chruthú as luaithreach an chogaidh agus an chinedhíothaithe. Measaimid go rachaidh sé sin i bhfeidhm ar dhaoine. Go háirithe sa lá atá inniu ann, tá an t-antoisceachas imithe ó smacht agus neamhshuim ag níos mó daoine, dealraíonn sé gur seó réaltachta atá i gceist leis an bpolaitíocht seachas fóram ceart.**

Ar mian leat an deis a thabhairt do dhaoine eile cinneadh a dhéanamh ar do shon? Tá sé sin á dhéanamh acu cheana féin agus is í an déine atá roghnaithe acu arís.

Bhí ár nUachtarán, Lucie Studničná, an-soiléir nuair a dúirt sí nach bhféadfaimís géarchéim déine eile a sheasamh. Tá roinnt tíortha fós i ngalar na gcás mar gheall ar na bearta a rinneadh le linn na géarchéime airgeadais deireanaí, agus meath eacnamaíoch agus imirce daoine oilte le feiceáil iontu anois. Sa Spáinn, san Iodáil agus sa Ghréig, tá an dífhostaíocht fós ard, agus tá OTI per capita fós i bhfad ón leibhéal a bhí ann

in 2008. Mar fhreagairt ar an réiteach neamhleor sin, tá méadú tar éis teacht ar an eoraisceipteachas agus ar an bpobalachas, rud a bhí éascaithe ag an aistriú i dtreo na heite deise.

Fágfaidh na rialacha fioscacha nua nach mbeidh dóthain cumhachta ná acmhainneachta ag formhór na mBallstát chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin aeráide agus shóisialta a bheidh rompu sa todhchaí. Is fánach a bheidh na gealltanais a rinneadh in La Hulpe. Is iad na saoránaigh a bheidh thíos leis, agus d'fhéadfadh deacrachtaí breise eacnamaíocha a bheith mar bhuille na tubaiste le haghaidh go leor daoine, agus níl aon dabht go ndéanfaidh rialtais cur síos ar na deacrachtaí sin mar bhearta a 'd'fhorchur an Bhruiséil orthu'.

Ní bhaineann an daonlathas le vóta a chaitheamh amháin. Baineann an-tábhacht leis an tsochaí shibhialta agus le ceardchumainn chun an daonlathas a choinneáil slán. Agus fós féin, ní hamháin gur uirlis dlisteanachta í an vótáil, agus baineann an-úsáid le do vóta. Is ceart atá ann a d'éirigh le hiarrachtaí, agus saol, na milliún duine ar fad neart glúnta, a bhaint amach ar ár son. Agus d'fhéadfaimis an ceart sin a chailleadh.

Níl na cinntí maidir le déine greanta i gcloch. Maidir leis na toghcháin atá le teacht i Meitheamh agus na toghcháin náisiúnta atá ar na bacáin, iarraimid ort: úsáid do vóta. Ná lig d'éinne an vóta sin a bhaint díot. Vótáil ar son dul chun cinn sóisialta. I dteannta a chéile, is féidir linn leanúint d'fheabhas a chur ar ár dtíortha agus ar an Aontas Eorpach, agus an méid nach n-oibríonn a athrú.

---




## #EUelections2024: eagraíochtaí na sochaí sibhialta i mbun plé faoin gcineál Aontais Eorpaigh atá uathu agus i mbun tosaíochtaí a mholadh don téarma nua oifige

**Le Grúpa Eagraíochtaí na Sochaí Sibhialta**

**Is éard atá eagraíochtaí na sochaí sibhialta (ESSanna) a mholadh don téarma nua oifige go dtabharfaí aghaidh ar dhúshláin phráinneacha agus fhadtéarmacha, go gcuirfí beartais an Aontais atá ann cheana chun feidhme mar is ceart agus go neartófaí luachanna an Aontais. Tá an t-idirphlé sibhialta struchtúrtha agus clár oibre sóisialta láidir ar bharr liosta a dtosaíochtaí freisin.**

An 16 Aibreán, reáchtáil Grúpa Eagraíochtaí na Sochaí Sibhialta in CESE comhdháil dar teideal *Building Together the EU We Want [An cineál Aontais Eorpaigh atá uainn a thógáil i gcomhar le chéile].* Ag an ócáid, tugadh le chéile ionadaithe ó ESSanna ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach a phléigh na tosaíochtaí polaitiúla atá acu in oirchill na dtoghchán do Pharlaimint na hEorpa atá ag teannadh linn agus i bhfianaise shíniú dhearbhú idirinstitiúideach La Hulpe maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta.

Ag oscailt na comhdhála dó, chuir Séamus Boland, cathaoirleach Ghrúpa Eagraíochtaí na Sochaí Sibhialta, in iúl gur saoth leis nach bhfuil mórán polaiteoirí ó na príomhpháirtithe náisiúnta ag iarraidh an tAontas Eorpach a phlé le vótálaithe. Ar an ábhar sin, ní thuigeann vótálaithe cén fáth a bhfuil gá leis an Aontas agus ní léiriú í polaitíocht an Aontais Eorpaigh i gcónaí ar na nithe is mó is cás leo. Dá thoradh sin, tá bearna chontúirteach ann idir an pobal i gcoitinne agus an tAontas Eorpach, rud a d'fhéadfadh mórchuid daoine a spreagadh chun vóta a chaitheamh ar son páirtithe antoisceacha. 'Is éard atá ag teastáil go práinneach

anois ná go gcuirfeadh na polaiteoirí náisiúnta agus Eorpacha na fadhbanna atá le sárú ag an Aontas trí chéile leis an bpobal i bhfoirm díospóireacht oscailte, sin agus an méid ba cheart a dhéanamh chun iad a réiteach. Is ar an gcuma sin amháin is féidir linn a chur ina luí orthu go bhfuil an tAontas Eorpach ag obair ar son an mhóraimh agus go bhfuil deiseanna á gcruthú aige do chách i dtólamh.'

Is féidir conclúidí agus moltaí na comhdhála a léamh agus a roinnt **anseo**, áit a ndírítear ar an méid seo a leanas:

- Cén fáth a bhfuil toghcháin 2024 do Pharlaimint na hEorpa tábhachtach: uair na cinniúna don Aontas Eorpach
- An cineál Aontais Eorpaigh atá uainn a thógáil i gcomhar le chéile: Aontas daonlathach cuimsitheach atá bunaithe ar an gceartas sóisialta agus ar an gcosaint shóisialta
- An cineál Aontais Eorpaigh atá uainn a thógáil i gcomhar le chéile: geilleagar inbhuanaithe atá bunaithe ar aistrithe cothroma agus ar phoist ardcháilíochta
- An tsochaí shibhialta, na saoránaigh agus an óige a chur i gcroílár Eoraip an lae amárach

Cuirfear na conclúidí agus na moltaí sin san áireamh i **rún ó CESE** ina mbeidh tograí beartais don chéad téarma oifige eile de Pharlaimint na hEorpa agus den Choimisiún Eorpach, rún atá le glacadh i mí Iúil 2024.

Tá tuilleadh eolais le fáil sa **phreaseisiúint** maidir leis an gcomhdháil.

# IN FOCUS: 20TH ANNIVERSARY OF GREAT ENLARGEMENT



## Méadú – an uirlis bheartais is cumhachtaí agus is rathúla atá ag an Aontas

**Le Pat Cox**

**– Labhraíonn ár n-aoi speisialta agus iar-Uachtarán de chuid Pharlaimint na hEorpa, faoi mhéadú ollmhór an Aontais a tharla 20 bliain ó shin agus féachann sé siar ar an dóchas mór a bhí le sonrú le linn na tréimhse sin, tréimhse lenar tugadh an dá thaobh – Iarthar na hEorpa agus Oirthear na hEorpa – le chéile faoi dheireadh. Tráth a bhfuil miotas maidir le bráithreachas Slavach á chumadh ag Putin, agus diúracáin bhalaistíocha á scaoileadh ag an am céanna, is aontas deonach de dhaoine saora ceannasacha é an tAontas i gcónaí, bunaithe ar bhunluachanna na hurraime do chearta an duine, don chomhionannas agus don smacht reachta.**

Is imeachtaí iad an ócáid a d’óstáil Uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle an Aontais i mBaile Átha Cliath an 1 Bealtaine 2004 agus an searmanas fáilte a reáchtáladh i bParlaimint na hEorpa in Strasbourg an 3 Bealtaine 2004 a sheasann amach domsa, ar bhonn polaitiúil ach ar bhonn mothúchánach freisin, agus iad mar laethanta ina raibh dearfacht agus dóchas mór le sonrú, agus a léirigh teacht abhaile, athaontú agus teacht le chéile dhá thaobh na mór-roinne – an tIarthar agus an tOirthear. I mBaile Átha Cliath, léigh Seamus Heaney an dán uaidh *Beacons at Bealtaine*, dán ina chuireann sé in iúl an dóchas go bhféadfadh an méadú stairiúil sin ‘beola a bhogadh, is gan stad dár réim.’ In Strasbourg, ardaíodh 10 mbratach náisiúnta na mBallstát nua ar chrainn brataí ollmhóra a rinneadh i longchlóis Gdańsk, bronntanas ón bPolainn. Ba léiriú siombalach é turas na gcrann brataí sin go Strasbourg ar an bpróiseas ón gcumannachas go dtí an tsaoirse, léiriú a rinneadh níos láidre fós i ngeall ar Lech Wałęsa a bheith i láthair.

Ar ndóigh, mhothaigh gach duine gurbh éard a bhí san ócáid an toradh ar phróiseas fada casta d’ullmhúcháin fhrithpháirteacha a rinneadh thar blianta fada. Bhí áthas, agus faoiseamh orainn go léir, gur bhaineamar an líne chríche amach agus go raibh an maratón polaitiúil agus nós imeachta curtha dínn.

Is é mo thuairimse féin go bhféadfaimis a rá gurb é an méadú an uirlis bheartais is cumhachtaí, is claochlaitheaí agus is rathúla atá ag an Aontas le caoga bliain anuas. Chuaigh mo thír féin, Éire, isteach sa chéad mhéadú an 1 Eanáir 1973, agus ba í an stát nó an réigiún ba bhoichte i gComhphobal Eacnamaíochta na hEorpa, mar a thugtaí air ag an am. Is gnéithe a chuireann le taithí agus toradh an-dearfach iad an rochtain ar mhargadh mór, dlúthpháirtíocht an Aontais trí chistí réigiúnacha agus, ina dhiaidh sin, cistí comhtháthaithe le linn na mblianta tosaigh den bhallraíocht, caighdeáin níos airde maidir le comhionannas inscne agus beartas comhshaoil, tacaíocht don phróiseas síochána i dTuaisceart Éireann agus an t-aitheantas a tugadh don toradh dúshlánach a bhí ag Brexit ar Éirinn agus don fhíoras gurb í Éire an t-aon tír san Aontas a bhfuil teorainn talún aici leis an Ríocht Aontaithe. Ní raibh cúrsaí breá éasca i gcónaí, áfach, go háirithe le linn ghéarchéim an limistéir euro. I dtéarmaí glana, áfach, toradh fíordhearfach atá i gceist.

Cé go n-urraím agus gur oth liom, ag an am céanna, cinneadh na Ríochta Aontaithe an tAontas a fhágáil, is cinneadh é sin a léiríonn rud amháin go soiléir: Aontas deonach is ea an tAontas Eorpach, ina bhfuil pobail shaora agus cheannasacha, a bhfuil an rogha acu dul isteach ann agus é a fhágáil. Is mór idir sin agus cogadh nua-impiriúil Putin, cogadh a roghnaigh sé a dhéanamh i gcoinne na hÚcráine. Tá miotas maidir le bráithreachas Slavach á chumadh aige, fad atá gunnaí agus diúracáin bhalaistíocha á scaoileadh, agus dróin mharfacha á úsáid ar bhonn laethúil.

Chuidigh aontachas na Gréige, na Portaingéile agus na Spáinne leis na tíortha sin an próiseas chun filleadh ar an daonlathas tar éis na deachtóireachta a chur i gcrích, agus an caighdeán maireachtála agus cáilíocht na beatha a fheabhsú ag an am céanna.

Leis an méadú mór a tháinig ar an Aontas 20 bliain ó shin, cuireadh dlús mór leis an bhfás sna Ballstáit nua, go háirithe i lár agus in oirthear na hEorpa, ós rud é gur cuireadh borradh faoin infheistíocht, faoin trádáil agus faoi dhlúthpháirtíocht an Aontais. Ar an meán, tháinig méadú ar OTI per capita na dtíortha sin, arna choigeartú chun an boilsciú agus an t-airgeadra a chur san áireamh, ó níos lú ná leath de mheán an Aontais go dtí trí cheathrú de mheán méadaitheach an Aontais thar fiche bliain. Tháinig méadú faoi thrí ar OTI per capita na Liotuáine sa tréimhse sin. Tá feabhas tagtha ar chúrsaí sláinte agus oideachais, rud a chiallaíonn go bhfuil cáilíocht na beatha agus an caighdeán maireachtála níos airde freisin. Tá méadú faoi dhó tagtha ar aschur talmhaíochta ar fud an réigiúin. I mbeagán focal, mar a tharla i gcás na méaduithe uile roimhe seo, is léir go mbíonn torthaí dearfacha ann do na stáit aontacha agus don Aontas. Fágann an méid sin atá ráite agam go bhfuil dearcadh dearfach agam ar an méadú. Mar sin féin, ní dearcadh saonta é sin.

Léirítear leis na himeachtaí atá ar siúl le blianta beaga anuas sa Pholainn agus ar bhonn leanúnach san Ungáir an chaoi a nochtar le sáruithe ar chaighdeáin an Aontais maidir leis an smacht reachta, saoirse na meán nó urraim do chearta mionlaigh an fíoras go t-aontaíonn tíortha áirithe le coincheap an Aontais agus é mar mheán don rathúnas dóibh, ach nach n-aontaíonn siad leis mar chomhphobal ina roinntear luachanna coiteanna. Tá sé fógartha go bródúil ag Príomh-Aire na hUngáire gur daonlathas neamhliobrálach atá san Ungáir. Is cuma cén léamh léirmhínithe a d'fhéadfadh a bheith ag duine ar Airteagal 2 CAE, níl aon dabht nach cairt do dhaonlathas neamhliobrálach atá ann. ('Tá an tAontas Eorpach fothaithe ar luachanna an mheasa ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus an mheasa ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad.') Is comhluachanna ag Ballstáit na luachanna sin i sochaí arb iad is sainairíonna inti an t-iolrachas, an neamhidirdhealú, an chaoinfhulaingt, an ceartas, an dlúthpháirtíocht agus an comhionannas idir mná agus fir.')

Bhí an méid sin mar chuid de chomhaontú ballraíochta an Aontais agus é scríofa i ngach conradh aontachais agus chomhaontaigh gach stát aontach leis. Ní bunús inbhuanaithe don urraim fhrithpháirteach é an cur chuige 'ná scaipaigí bhur luachanna chugainn ach seolaigí bhur n-airgead chugainne' agus ba cheart go dtuigfeadh na stáit is iarrthóirí reatha é sin agus iad ag iarraidh a n-aontachas leis an Aontas Eorpach faoi dheireadh a stiúradh. Táim ag súil go mbeidh ról níos bunúsaí ag critéir Chóbanhávan sa chaibidlíocht sa todhchaí, b'fhéidir le clásail chonartha aontachais lena soláthrófaí cumhacht níos láidre don Aontas a chuid ceartas agus luachanna a chosaint ionas nach rachaidís i léig. Ní margadh amháin atá san Aontas, agus ní hé an dul chun cinn nithiúil an t-aon chuspóir ná an chúis bhunúsach a bhí leis, cé gur inmhianaithe an rud é fós.

Mar sin féin, is féidir linn a thomhas anois ag breathnú ar chuntas teiste an mhéadaithe go dtí seo gur dearfach an rud é do gach duine lena mbaineann agus gur cheart dearcadh dearfach a bheith againn ina leith. Beidh ar na stáit is iarrthóirí tabhairt faoi athruithe suntasacha, agus is ar a luas féin a dhéanfaidh siad amhlaidh. Tá obair bhaile le déanamh ag an Aontas freisin a mhéid a bhaineann lena phróiseas cinnteoireachta agus lena acmhainneacht bhuiséadach íoc as na costais a bheidh i gceist leis na ballstáit nua agus leis an gcúnamh réamhaontachais. Tar éis stádas mar stát is iarrthóir a dheonú, tar éis scagadh a dhéanamh, tar éis creataí caibidlíochta a leagan síos, tar éis caibidlíochta caibidil ar chaibidil a thosú agus a chur i gcrích, is ansin a dhéanfar na conarthaí aontachais a shonrú faoi dheireadh. Ach beidh aontoilíocht ón gComhairle ag teastáil ansin. Ní rud éasca ná simplí a bheidh sa mhéid sin ar chor ar bith. Tá súil agam go léireoidh na Ballstáit uile urraim don dualgas atá orthu 'comhar dílis' a dhéanamh chun cuidiú leis na cúraimí a eascraíonn as an gConradh (Airteagal 4(3) CAE) a chur i gcrích.

Is cás uathúil agus níos casta atá san Úcráin mar gheall ar mhéid na tíre, sciar coibhneasta na talmhaíochta le OTI i gcomparáid le meán an Aontais, agus an bhochtaineacht chomparáideach sa tír i dtéarmaí OTI per capita, agus ar ndóigh mar gheall ar an gcogadh agus na hiarmhairtí tubaisteacha a bhaineann leis sin. Is féidir tús a chur leis an gcaibidlíocht. Tá an Úcráin ar an mbealach i dtreo an lánpháirtithe cheana féin, i ngeall ar an gComhaontú Comhlachais agus an Comhaontú Domhain Cuimsitheach Saorthrádála atá aici leis an Aontas Eorpach. D'fhéadfaí na comhaontuithe sin a leathnú de réir a chéile le himeacht ama ach i ndeireadh na dála beidh toradh críochach socraithe agus síocháin chobhsaí – inar féidir ról a bheith ag ballraíocht san Aontas – ina réamhchoinníoll riachtanach don aontachas. Cobhsaíocht atá de dhíth ar an Aontas seachas anord ar a thaobh thoir. I ndeireadh na dála, dá nglacfaí le haontachas na hÚcráine, bheadh buntáistí ann don Úcráin agus don Aontas ina iomláine freisin.

**Pat Cox, iar-Uachtarán de chuid Pharlaimint na hEorpa (2002-2004)**

*Is polaiteoir agus iriseoir Éireannach é Pat Cox. Bhí sé ina Uachtarán ar Pharlaimint na hEorpa ó 2002 go 2004, agus ina Uachtarán ar Ghluaiseacht Idirnáisiúnta na hEorpa ó 2005 go 2011. Tá sé i gceannas ar Fhondúireacht Jean Monnet don Eoraip ó 2015 i leith. Tá sé ina Chomhordaitheoir Eorpach freisin ar Chonair TEN-T Chríoch Lochlann - na Meánmhara agus ina cheannaire ar Mhisean Measúnaithe Riachtanas agus Cur Chun Feidhme Pharlaimint na hEorpa maidir le hAthchóiriú Parlaiminteach Verkhovna Rada san Úcráin. Ag tús a ghairmréime, d'oibrigh sé mar chraoltóir teilifíse cúrsaí reatha ag RTÉ i mBaile Átha Cliath. In 2004, bhuaigh Pat Cox an Duais Idirnáisiúnta Charlemagne Aachen as a thiomantas parlaiminteach do mhéadú an Aontais Eorpaigh.*

---



## Méadú ollmhór an Aontais Eorpaigh – 20 bliain tar éis a tharlaithe

**Le Jarosław Pietras**

**Déanann an Dr Jarosław Pietras, iar-Leas-Phríomh-Idirbheartaí le haghaidh aontachas na Polainne leis an Aontas, machnamh ar thionchar an mhéadaithe a tharla 20 bliain ó shin agus ar na tairbhí eacnamaíocha, agus ar na tairbhí nach iad, a rinne sé ní hamháin don Pholainn agus do thíortha nach í a tháinig isteach san Aontas Eorpach ach don Aontas ina iomláine freisin. An cinneadh a rinneadh an tAontas Eorpach a mhéadú in 2004, b'fhianaise é ar a thiomanta atá an tAontas don aontacht, don éagsúlacht agus don dlúthpháirtíocht. Sa lá atá inniu ann, tá ceachtanna luachmhara fós le foghlaim uaidh le haghaidh na caibidlíochta réamhaontachais a bheidh ar siúl sna blianta atá amach romhainn.**

Tar éis 20 bliain, is ríléir gur 'méadú ollmhór' ar an Aontas Eorpach a bhí ann nuair a ligeadh isteach don Aontas formhór thíortha Lár na hEorpa, mar aon le Málta agus an Chipir, sin agus cloch mhíle stairiúil don Aontas ina iomláine. Ba chéadach an tionchar a bhí aige, go háirithe ar staid eacnamaíoch na mBallstát nua.

Chuir méadú an Aontais go mór leis an gcaighdeán maireachtála i dtíortha Lár na hEorpa. Tháinig méadú suntasach ar OTI *per capita* na n-ocht dtír i Lár na hEorpa a ndearnadh Ballstáit díobh – Poblacht na Seice, an Eastóin, an Ungáir, an Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn, an tSlóvaic agus an tSlóivéin – i dteannta a chéile, agus ba mhéadú é sin nach bhféadfaidís a bhaint amach dá bhfanfaidís lasmuigh den Aontas. Is do mheánleibhéil na dtairbhí nithiúla a eascraíonn as an gcomhtháthú a thagraíonn an staidreamh sa réimse sin i gcónaí. Cé gur fíor nár dáileadh na gnóthachain go cothrom ó Bhallstát go chéile agus gur mó d'fheabhas a tháinig ar chuid acu ná a chéile, is fiú a thabhairt faoi deara go bhfuil feabhsuithe suntasacha le sonrú i ngach tír, mar sin féin. Cuir i gcás, sheas an Liotuáin agus an Pholainn amach ós amhlaidh ba iad ba mhó a bhain tairbhe go dtí seo as a mballraíocht san Aontas; os a choinne sin, is lú an dul chun cinn atá déanta ag an Eastóin agus ag an tSlóivéin i ngeall ar dhúshláin éagsúla, go háirithe tionchar ghéarchéim airgeadais 2008.

Nuair a rinneadh Ballstáit den Pholainn agus dá macasamhlacha i Lár na hEorpa, réitigh sin an bóthar do ré nua rathúnais eacnamaíoch sna tíortha sin. Thar aon tír eile, seasann an Pholainn amach go mór ós amhlaidh a d'éirigh thar barr léi i réimse na forbartha iar-aontachais. Tháinig fás eacnamaíoch faoin tír, fás nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo, sin agus dúbailt ar a OTI idir 2004 agus 2022. Ar an gcaoi

chéanna, tháinig fás suntasach ar OTI *per capita* na mBallstát eile sa réigiún, siúd is gur ar rátaí éagsúla ó thír go chéile a tharla sin. Léirigh an tSlóvaic agus an Liotuáin, mar shampla, go raibh dul chun cinn inmholta déanta acu, rud a chiorraigh arís eile ar an mbearna forbartha le hIarthar na hEorpa a bhí eatarthu. Tugann na sonraí staidrimh ón tréimhse sin léargas dúinn ar an athléimneacht agus an dinimiceas, ós rud é gur bhain na tíortha sin leas as a mballraíocht san Aontas chun an fás eacnamaíoch a bhrú chun cinn agus chun feabhas a chur ar a n-iomaíochas domhanda. Cuireann an t-éacht suntasach seo chun suntais a mhéad a rinne a lánpháirtiú san Aontas Eorpach claochlú ar gheilleagair na mBallstát nua go léir. Agus tharla sin in ainneoin dhrochthionchar na géarchéime airgeadais: is amhlaidh a bhain Ballstáit nua an Aontais rátaí fáis ní b’airde amach le linn na géarchéime ná mar a bhíothas ag súil leis.

Bhí a cuid dúshlán féin le sárú le linn na tréimhse tar éis mhéadú an Aontais in 2004. Mar shampla, is mór mar a chuir géarchéim dhomhanda airgeadais 2008 isteach ar gheilleagar na hEorpa agus chuir sí féachaint chrua ar athléimneacht na mBallstát seanbhunaithe agus na mBallstát nua. D’ainneoin éifeachtaí díobhálacha na géarchéime, léirigh Ballstáit nua an Aontais a athléimní a bhí siad, agus sháraigh siad na réamh-mheastacháin fáis a rinneadh ina leith i dtosach báire. Ba léiriú é a gcumas chun an stoirm sin a sheasamh agus chun rátaí fáis dearfacha a choinneáil ar threise a ngeilleagar agus ar na tairbhí a bhaineann le lánpháirtiú an Aontais Eorpaigh. Ar a shon go raibh dúshláin nach beag ag roinnt leis an ngéarchéim, thug sí deis freisin do na tíortha sin tairbhe iomlán a bhaint as an dlúthnasc a bhí acu le geilleagar na hEorpa. Ba thástáil é sin freisin ar a thiomanta a bhí na Ballstáit nua do luachanna agus do dhlúthpháirtíocht na hEorpa in aimsir na hanacra.

Le linn phróiseas na caibidlíochta, tháinig sochaí shibhialta na Polainne chun cinn mar fhórsa cumhachtach ar son an athraithe agus an dul chun cinn. Bhí ról ríthábhachtach ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta, ag gluaiseachtaí na cosmhuintire agus ag grúpaí abhcóideachta maidir le lánpháirtiú an Aontais a chur chun cinn agus maidir le luachanna daonlathacha a chaomhnú sa Pholainn. Bhí a n-iarrachtaí lándícheallacha chun feasacht a mhúscailt, tacaíocht a mhealladh chucu agus ceannairí a thabhairt chun cuntais ríthábhachtach chun tuairimí an phobail a mhúnlú agus athrú dearfach a spreagadh. Trí theagmháil ghníomhach a dhéanamh leis na saoránaigh, trí idirphlé a chothú agus trí thrédhearcacht a chur chun cinn, rinne sochaí shibhialta na Polainne a cion féin lena áirithiú go leanfadh an próiseas caibidlíochta de bheith cuimsitheach, daonlathach agus in ann freastal ar riachtanais na ndaoine. Ní hamháin gur éascaigh a rannchuidiú aontachas na Polainne leis an Aontas ach neartaigh sé bunsraith an daonlathais agus na sochaí sibhialta sa tír freisin.

An cinneadh a rinneadh an tAontas Eorpach a mhéadú in 2004, b'fhianaise é ar thiomanta atá an tAontas don aontacht, don éagsúlacht agus don dlúthpháirtíocht. Trí bheith istigh san Aontas Eorpach a thabhairt d’fhormhór thíortha Lár na hEorpa, mar aon le Málta agus an Chipir, chuir an tAontas lena acmhainneacht eacnamaíoch, lena shaibhreas cultúir agus lena thionchar geopholaitiúil. Le haontachas na dtíortha sin, cuireadh peirspictíochtaí, buanna agus deiseanna nua ar fáil don Aontas, rud a shaibhríonn an éagsúlacht nach beag atá le haithint ann cheana agus a neartaíonn a láithreacht ar an leibhéal domhanda. Ó thaobh na geopholaitíochta de, chuir an méadú le tionchar agus cobhsaíocht an Aontais trí thíortha Lár agus Oirthear na hEorpa a chomhtháthú i gcreat comhair agus comhoibriúcháin an Aontais. Ó thaobh na n-institiúidí de, chuir sé le héagsúlacht dhearcthaí an Aontais agus chuir lena chomhtháthú, rud a leag an bhunchloch síos d’aontas a bheadh ní b’aontaithe agus ní b’athléimní.

Agus súil siar á caitheamh ar an taithí a fuarthas ó mhéadú an Aontais in 2004, tá ceachtanna luachmhara le foghlaim uaidh, go háirithe maidir leis an bpróiseas caibidlíochta agus maidir leis na hullmhúcháin réamhaontachais. Dá gcaithfinn turas den chineál céanna a dhéanamh inniu, chuirfinnse ar son tuilleadh béime a leagan ar choinníollacha réamhaontachais agus ar shásraí tacaíochta i ngach próiseas caibidlíochta feasta, go háirithe i réimsí an rialachais agus an smachta reachta. Is ríthábhachtach a áirithiú go gcomhlíonann na tíortha is iarrthóirí na critéir agus na caighdeáin is gá sula dtéann siad isteach san Aontas i

dtreo gur féidir sláine an Aontais a chosaint agus seasamh lena luachanna. Ina theannta sin, is tábhachtach agus is ríthábhachtach tacaíocht agus cúnamh leordhóthanach a chur ar fáil do thíortha is iarrthóirí le linn an phróisis caibidlíochta ionas go n-éireoidh lena lánpháirtiú agus lena gcobhsaíocht fhadtéarmach laistigh den Aontas.

I gcroílár an phróisis caibidlíochta le haghaidh mhéadú an Aontais in 2004, bhí tiomantas comhchoiteann chun cobhsaíocht, daonlathas agus rathúnas a chothú ar fud na hEorpa. An fonn a bhí ann spiorad an chomhair agus na dlúthpháirtíochta i measc náisiúin na hEorpa a neartú, is é a threoraigh an chaibidlíocht, ós rud é gur aithin na tíortha ab iarrthóirí agus Ballstáit an Aontais araon na tairbhí ceachtartha a bhaineann leis an méadú. Cé go raibh an chaibidlíocht féin casta agus dúshlánach, bhí sí bunaithe ar fhís chomhroinnte den Eoraip, Eoraip a bhí aontaithe agus rathúil, áit a bhféadfadh rath a bheith ar na náisiúin uile le chéile faoi chuimsiú an Aontais Eorpaigh.

Fad atá na tíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas ag dul i dtreo an aontachais in 2024, tá roinnt saincheisteanna mórthábhachtacha le cur san áireamh. Ar an gcéad rud, tá sé ríthábhachtach tús áite a thabhairt d’athchóirithe atá i gcomhréir le caighdeáin agus luachanna an Aontais i dtreo go n-éireoidh leis an lánpháirtiú agus leis an gcobhsaíocht fhadtéarmach laistigh den Aontas. Áirítear leis sin institiúidí daonlathacha a neartú, an smacht reachta a chur chun cinn, sin agus cearta agus saoirsí bunúsacha a chosaint. Ar an dara rud, tá sé ríthábhachtach dul i dteagmháil go réamhghníomhach le Ballstáit seanbhunaithe an Aontais le muinín agus tacaíocht a chothú má táthar chun aistriú rianúil isteach san Aontas a áirithiú. Trí thiomantas ceart do luachanna Eorpacha agus don chomhar a léiriú, beidh ar chumas na dtíortha is iarrthóirí an bealach a réiteach dá dtodhchaí féin laistigh den Aontas Eorpach, ar todhchaí í a bhfuil gealladh fúithi.

*Tá* ***Jarosław Pietras*** *ina Chomhalta ar Cuairt faoi láthair in Ionad Léinn Eorpaigh Wilfried Martens sa Bhruiséil agus ina Ollamh ar Cuairt i gColáiste na hEorpa in Brugge.*

*Bhí sé ar an bhfoireann a bhí i mbun caibidlíochta maidir le haontachas na Polainne leis an Aontas Eorpach ó 1998, tráth a cuireadh tús leis an gcaibidlíocht, go dtí 2004 nuair a tháinig an Pholainn isteach san Aontas. Ó 1990 go 2006, ina thír dhúchais, eadhon an Pholainn, bhí sé ina Státrúnaí san Aireacht Airgeadais, ina Státrúnaí don Eoraip agus ina Cheann ar Oifig an Choiste um Lánpháirtiú na hEorpa. Ó 2008 go 2020, d’oibrigh sé mar Ard-Stiúrthóir i gComhairle an Aontais Eorpaigh, áit ar cuireadh raon leathan réimsí beartais de chúram air (an t-athrú aeráide, an comhshaol, iompar, teileachumarsáid, fuinneamh, oideachas, cultúr, closamharc, an óige agus spórt). Bhain sé Dochtúireacht san Eacnamaíocht amach in Ollscoil Vársá agus tá roinnt foilseachán scríofa aige faoin Aontas Eorpach, faoin inbhuanaitheacht agus faoi shaincheisteanna trádála. Chomh maith leis sin, bhí sé ina scoláire de chuid Fhondúireacht Fulbright agus ina chomhalta de bhord na meithle machnaimh Bruegel (2008-2011).*


## Editors

Ewa Haczyk-Plumley (editor-in-chief)
Laura Lui (ll)

## Contributors to this issue

Daniela Vincenti (dv)
Ewa Haczyk-Plumley (ehp)
Giorgia Battiato (gb)

Jasmin Kloetzing (jk)
Katerina Serifi (ks)
Katharina Radler (kr)
Laura Lui (ll)
Marco Pezzani (mp)
Margarita Gavanas (mg)
Margarida Reis (mr)
Millie Tsoumani (mt)
Pablo Ribera Paya (prp)
Thomas Kersten (tk)

## Coordination

Agata Berdys (ab)
Giorgia Battiato (gb)

## Address

European Economic and Social Committee
Jacques Delors Building,
99 Rue Belliard,
B-1040 Brussels, Belgium
Tel. (+32 2) 546.94.76
Email: eescinfo@eesc.europa.eu

EESC info is published nine times a year during EESC plenary sessions. EESC info is available in 24 languages
EESC info is not an official record of the EESC's proceedings; for this, please refer to the Official Journal of the European Union or to the Committee's other publications.
Reproduction permitted if EESC info is mentioned as the source and a link  is sent to the editor.

05/2024